

## Treoirlínte Iriseoireachta TG4 (Nollaig 2013)



## Clár

Cuid 1.	Réamhrá agus Comhthéacs .....	3
Cuid 2.	Luachanna Eagarthóireachta TG4 .....	4
Cuid 3.	An tAcht Craolacháin 2009 .....	5
Cuid 4.	Prionsabail Eagarthóireachta TG4 .....	6
Cuid 5.	Rólanna agus Freagrachtaí .....	8
Cuid 6.	Meitheal Eagarthóireachta TG4.....	10
Cuid 7.	Iontaoibh agus Cruinneas.....	11
Cuid 8.	Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht .....	15
Cuid 9.	Ionracas agus Neamhspleáchas Eagarthóireachta .....	20
Cuid 10.	Freastal ar Leas an Phobail .....	23
Cuid 11.	Cothroime.....	27
Cuid 12.	Príobháideachas .....	32
Cuid 13.	Sáinníú ar an Tairseach i Nuacht, i gCúrsaí Reatha agus i gCláir Fhíorasacha .....	35
Cuid 14.	Tuairisciú ar Léigir, ar Fhuadaigh, ar Thógáil Giall .....	37
Cuid 15.	Leanaí agus daoine leochaileacha .....	38
Cuid 16.	Cuntasacht.....	40
Cuid 17.	Dliteanais Dhlíthiúla agus an Caidreamh leis an Rannóg Dlí .....	42
Aguisín 1	TG4 agus Clúdach Polaitíochta .....	44
Aguisín 2	Treoir ar thuairisciú ó fhoinsí Idirlín agus na Meáin Shóisialta .....	48

## **Cuid 1. Réamhrá agus Comhthéacs**

Is príomheilimintí de chraoltóireacht seirbhíse poiblí iad nuacht agus cúrsaí reatha. Déanann Nuacht TG4, aonad de chuid Rannóg Nuachta RTÉ, na feasacháin nuachta laethúla Gaeilge a chraoltar ar an gcainéal teilifíse TG4 a thiomsú agus a chur i láthair. Is ionann é sin agus an chuid is mó d'aschur nuachta an chainéil. Is iriseoirí atá fostaithe ag RTÉ mar chuid dá Rannóg Nuachta a thiomsaíonn Nuacht TG4. Tá na hiriseoirí sin faoi réir Chóid agus Threoirlínte éagsúla Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI as seo síos sna Treoirlínte seo) agus RTÉ atá i bhfeidhm d' iriseoirí uile agus d'fhoireann chúrsaí reatha RTÉ.

Is féidir aschur chúrsaí reatha TG4 a roinnt in dhá chatagóir – (i) cláir phlé bheo stiúideo a léiríonn foireann TG4 féin in-tí (ii) cláir ócáideacha aon uaine as ábhar Gaeilge coimisiúnaithe arna léiriú ag cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Bíonn siad sin ar fad taifeadta roimh ré.

Tá na Treoirlínte seo dírithe go sonrath orthu siúd a mbíonn ceisteanna acu agus iad i mbun léiriú chlár chúrsaí reatha i nGaeilge le craoladh ar chainéal teilifíse TG4. Díritear ar leithligh ar cheisteanna a bhaineann le cláir níos ginearálta i dTreoracha Caighdeán Clár TG4 (2012). Ba chóir do lucht déanta clár aird a thabhairt ar riachtanais atá i gCód BAI ar Chothroime, ar Oibiachtúlacht & ar Neamhchlaontacht i gcláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha atá leagtha amach sa sceideal seo.

Déantar athbhreithniú rialta ar Threoirlínte seo TG4. Cinntigh le do thoil go dtéann tú i gcomhairle i gcónaí an leagain is deireanaí. Is féidir an dáta a ndearnadh athbhreithniú go deireanach ar na Treoirlínte a fháil ar an gclúdach.

## Cuid 2. Luachanna Eagarthóireachta TG4

Is í an fhís atá ag TG4 ná “teanga agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go ráthúil trí leas a bhaint as ábhar teilifíse agus gréasáin chun go mbeadh spás lárnach ag an nGaeilge i saol gach Éireannaigh, sa tír seo agus thar sáile”.

San áireamh i luachanna eagarthóireachta TG4 tá tiomantas:

- D’fheidhmiú ar mhaithe le leas an phobail agus nuacht agus cúrsaí reatha a bhíonn cothrom agus neamhchlaonta, cruinn agus dúshlánach a chur ar fáil
- D’ionracas agus trédhearcacht ina gcuid gníomhaíochtaí ar fad
- D’fhreagracht phearsanta a ghlacadh ó thaobh spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

Leagann na Treoirlínte Iriseoireachta seo síos cur chuige TG4 ó thaobh na luachanna sin a neadú inár ngníomhaíocht iriseoireachta ar fad neamhspleách ar an gcaoi a gcruthaítear í nó cén glacadh a bheidh ag ár lucht féachana/éisteachta léi. Cuirfear ár gcuid treoirlínte i bhfeidhm ar bhealach a chothaíonn neamhspleáchas agus a shaothraíonn iontaobh gan srian ar fhiosrú iriseoireachta dlisteanach.

Ó am go ham, d’fhéadfadh ár gcuid iriseoireachta a bheith chomh dúshlánach is go gcraitheann sí daoine nó go mbíonn siad oibrithe; sin comhartha nirt, ní comhartha laigeachta. Tagann freagracht áfach leis an tsaoirse foilsíú a dhéanamh, sin a bheith ionraic agus na caighdeáin is airde maidir le freagracht ghairmiúil a chomhlíonadh. Leagann na Treoirlínte seo síos na caighdeáin a mbeifear ag súil leo ó **gach duine** a dhéanann nó a láithrionn aschur de chuid TG4. Tá siad ann chun comhairle shoiléir a sholáthar d’aon duine, in-tí nó faoi choimisiún, conas déileáil le ceisteanna achrannacha eagarthóireachta, conas freastal a dhéanamh ar an méid a mbíonn súil ag ár lucht féachana leis agus ábhar suaithinseach dúshlánach a bhfuil na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus eitice ag baint leis a chur ar fáil.

**Caithfear aon mholadh gan géilleadh do na Treoirlínte, ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail, a phlé agus a aontú roimh ré leis an Ardstiúrthóir.**

Cé go bhfuil na Treoirlínte sainordaitheach, níor cheart go dtógfadh siad áit na gcáilíochtaí pearsanta ná na bhfreagrachtaí a mbítear ag súil leo ó fhoireann TG4 (agus ó lucht déanta clár neamhspleách): ionracas, cothroime, intinn oscailte, féinmheastóireacht, agus tuiscint ar na hiarmhairtí suntasacha a d’fhéadfadh a theacht as iriseoireacht chraolta, go háirithe do dhaoine nó do ghrúpaí leochaileacha sa phobal. Chomh maith le luachanna agus caighdeáin TG4 a chur in iúl, léiríonn na Treoirlínte Iriseoireachta forálacha cuí Alt 39 den Acht Craolacháin 2009. Léiríonn siad freisin forálacha Chód BAI ar Chothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht i Nuacht agus i gCúrsaí Reatha agus Treoir BAI maidir leis an gCód. Is ar an BAI atá an fhreagracht cóid a leagan amach le rialú a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar chleachtais a chomhlíonfaidh gach craoltóir atá faoi cheadúnas i bPoblacht na hÉireann. Tá Cód BAI agus Treoir BAI don Chód le fáil sa Sceideal ar shuíomh idirlín BAI ([www.bai.ie](http://www.bai.ie)) agus anseo.

### **Cuid 3. An tAcht Craolacháin 2009**

Leagann Alt 39 d'Acht 2009 amach na dualgais agus na hoibleagáidí do chraoltóireacht seirbhíse poiblí (RTÉ agus TG4) agus do gach craoltóir atá faoi cheadúnas. Is iad na príomhdhualgais a chinntiú:

- (1) *go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh an craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl.*
- (2) *go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí dá chuid féin nó dá cuid féin a nochtadh, ach amháin i gcás nach mbeidh sé indéanta an mhír seo a chur i bhfeidhm i ndáil le haon chraolachán aonair, go bhféadfar a mheas gur aonad amháin dhá chraolachán ghaolmhara nó níos mó, má tharchuirtear na craolacháin laistigh de thréimhse réasúnach óna chéile.*
- (3) *nach gcraolfaidh an craoltóir aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní is cúis le díobháil nó col, nó gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit, agus*
- (4) *I gcláir a chraolfaidh an craoltóir, agus sna modhanna a úsáidfear chun na cláir sin a dhéanamh, nach ndéanfar cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair.*

## **Cuid 4. Prionsabail Eagarthóireachta TG4**

### **Iontaoibh agus Cruinneas (cuid 7)**

Is í an iontaoibh cloch choirnéil TG4: déanaimid iarracht a bheith macánta, iontaofa, údarásach, neamhchlaonta agus neamhspleách ar leasanna dílsithe.

Déanaimid ár ndícheall cruinneas a bhaint amach in ár n-aschur uile. Tá bunús maith faoinár dtuairisceoireacht, í bunaithe ar fhianaise fhóna, tástáil lánchúramach déanta uirthi agus í curtha i láthair i dteanga bheacht shoiléir. Bímid macánta faoi nach bhfuil ar eolas againn agus seachnaímid tuairimíocht gan bhunús.

### **Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht (cuid 8)**

Cuirimid cláir nuachta, cúrsaí reatha agus cláir fhíorasacha ar fáil. Tá sé d'aidhm againn ábhar a chur i láthair a thugann aghaidh ar raon leathan ábhar agus saincheisteanna. Déanaimid iarracht:

- cothromas tuairimíochta a choinneáil a léiríonn tromachar na fianaise
- cóiriú cóir a chinntiú
- intinn oscailte a bheith againn
- deiseanna a sholáthar thar thréimhse ama sa chaoi nach ndéantar neamhshuim d'aon snáithe suntasach smaointe nó neamhléiriú air.

### **Ionracas agus Neamhspleáchas Eagarthóireachta (cuid 9)**

Caithfimid ár neamhspleáchas agus ár n-ionracas a choinneáil má táimid le muinín agus le meas an phobail a ghnóthú. Ba chóir go mbeadh pobal féachana TG4 cinnte de go mbíonn ár gcinntí eagarthóireachta saor ó thionchar leasa ón taobh amuigh, brú polaitíochta nó tráchtála, nó aon leas pearsanta.

### **Freastal ar Leas an Phobail (cuid 10)**

Tugaimid tuairisc ar scéalta atá suntasach dár lucht féachana. Táimid diongbháilte agus fírinne scéil á bunú againn agus táimid eolasach agus é á mhíniú. Cuirimid ceisteanna géara orthu sin i seilbh oifige poiblí agus ar dhaoine eile atá cuntasach, agus cuirimid fóram cuimsitheach ar fáil do dhíospóireacht phoiblí. Déileáiltear le coincheap leas an phobail i gcuid 10.

### **Cothroime (cuid 11)**

Tá meas againn ar ár rannpháirtithe agus lucht féachana agus éisteachta. Caithimid go cothrom leo agus leis na saincheisteanna a dtuairiscímid orthu. Tá ár n-aschur bunaithe ar mhacántacht agus ar dhéileáil go cóir.

### **Príobháideacht (cuid 12)**

Tá meas againn ar an bpríobháideachas agus ní sháraímid é gan cúis mhaith a bheith leis, cibé áit a n-oibrímid. Ní mór a léiriú go bhfuil gá le cur isteach gan toiliú ar shaol príobháideach an duine ar bhonn leas an phobail, agus caithfear méid an chur isteach a theorannú go dtí a bhfuil comhréireach sna cúinsí sin.

### **Cuntasacht (cuid 16)**

Cleachtaimid na caighdeáin chéanna chuntasachta a bhfuil súil againn leo ó dhaoine eile. Táimid oscailte agus earráidí á gceartú againn nuair a dhéantar iad agus spreagaimid cultúr toilteanais chun foghlamtha uathu.

Comhlíonaimid ár n-oibleagáidí reachtúla agus dlíthiúla a leagtar amach san Acht Craolacháin agus pléimid leis BAI ar bhealach oscailte tráthúil agus comhoibríoch.

## Cuid 5. Rólanna agus freagrachtaí

### 5.1 Freagracht Eagarthóireachta

Tá freagracht eagarthóireachta laistigh de TG4 ar an slabhra bainistíochta eagarthóireachta go dtí an Stiúrthóir Coimisiúnaithe, d'ábhar nach ábhar nuachta, go dtí an Príomh-Eagarthóir, Nuacht, d'ábhar Gaeilge Nuachta agus an tArdstiúrthóir arb é an príomheagarthóir é d'aschur iomlán ábhair TG4. Ceanglaítear orthu siúd go léir atá bainteach le cruthú ábhar TG4 lena n-áirítear taighdeoirí, tuairisceoirí, léiritheoirí agus eagarthóirí, freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú. Má bhíonn aon imní faoi aon ábhar eagarthóireachta cuir ar aghaidh é tríd an slabhra bainistíochta eagarthóireachta le comhairle nó cinneadh a fháil. I gcás gur dóigh go mbeadh ábhar eagarthóireachta ar bith conspóideach nó go mbeadh tionchar neamhghnách aige, (lena n-áirítear aon ábhar eagarthóireachta nach bhfuiltear a chur ar aghaidh le haghaidh cinnidh nó comhairle) tá d'oibleagáid ar dhéantóirí clár fógra cuí a thabhairt don Stiúrthóir Coimisiúnaithe. Is é ról agus freagracht na mbainisteoirí eagarthóireachta treoir, tacaíocht agus maoirseacht a chur ar fáil ar an bpróiseas eagarthóireachta agus a chinntiú go bhfuil sé láidir.

Ba chóir do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleách a tarchur go dtí an tEagarthóir Coimisiúnaithe iomchuí.

Uair ar bith a cheaptar go bhféadfadh saincheisteanna dlíthiúla suntasacha a bheith i gceist, ní mór é seo a chur in iúl go luath don Rannóg Dlí.

#### Oibleagáid Shainordaitheach 1

**Tá freagracht phearsanta ar gach duine den fhoireann léiriúcháin eolas a bheith acu ar na treoirlínte seo agus is riachtanas gairmiúil tábhachtach agus oibleagáid chonartha an t-eolas sin ar na treoirlínte**

### 5.2 Ardstiúrthóir TG4 ina Phríomheagarthóir

De réir an Achta Craolacháin 2009, feidhmíonn Ardstiúrthóir TG4 mar phríomheagarthóir i leith **gach** ábhair a chraolann nó a fhoilsíonn TG4 . Ach ina dhiaidh sin, níl sé indéanta ná níl sé praiticiúil go mbeadh an tArdstiúrthóir bainteach le cinnteoireacht eagarthóireachta thar aschur iomlán TG4 ó lá go lá. Is ról straitéiseach go príomha é mar sin ról eagarthóireachta an Ardstiúrthóra, ina leagann sé/sí síos tosaíochtaí, caighdeán agus treo fhoriomlán eagarthóireachta TG4 don eagraíocht.



## **Oibleagáid Shainordaitheach 2**

**Caithfear aon mholadh ó thaobh leanúint ar aghaidh le clár in ainneoin comhairle dlí a léiríonn riosca suntasach nó tromchúiseach a bheith i gceist a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Coimisiúnaithe. Má roghnaíonn an Stiúrthóir Coimisiúnaithe an clár a chraoladh caithfidh sé an tArdstiúrthóir a chur ar an eolas faoin gcinneadh de réir nósanna imeachta i gCuid 17 Dliteanais Dhlíthiúla agus an Caidreamh leis an Rannóg Dlí.**

## **Cuid 6. Meitheal Eagarthóireachta TG4**

Chomh maith le hEagarthóirí Coimisiúnaithe, tá Meitheal Eagarthóireachta ag TG4 chun caighdeán ábhair a chothabháil agus a mhaoirsiú. Is iad na feidhmeanna lárnacha atá aici ná:

1. Léirmheas réamhchraolacháin a dhéanamh nuair a bhíonn clár imscrúdaithe réamhthaifeadta suntasach á phleanáil. Cuirfidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe iomchuí tuairisc shonrach i láthair na Meithle ar a laghad 21 lá roimh an dáta tarchurtha sceidealta chun deis a thabhairt measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na tuairisce, ar iontaofacht na fianaise a thacaíonn leis na héilimh atáthar a dhéanamh agus chun a thaispeáint gur chóir an clár a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.
2. Léirmheas neamhspleách a sholáthar ar fhiúntas gearán foirmiúil agus substaintiúil a dhéantar faoi chlár agus faoi aschur TG4 Chun freagra TG4 ar a leithéid de ghearáin a shocrú.
3. Athbhreithnithe a dhéanamh ar chlár agus ar aschur TG4, a roghnaítear tar éis a gcaolta chun a chinntiú go bhfuil comhleanúnachas ag baint leo ó thaobh Threoirínite agus Chaighdeán Chláir TG4. Tuairiscítear torthaí na n-athbhreithnithe seo don Stiúrthóir Coimisiúnaithe.

## **Cuid 7. Iontaoibh agus Cruinneas**

### **7.1 Iontaoibh**

Éilíonn iontaoibh an mhúinín go bhfuil iriseoirí, déantóirí clár agus cruthaitheoirí ábhair de chuid TG4 díreach agus macánta i ngach a ndéanaimid. Tá TG4 ann chun freastal ar mhuintir uile na hÉireann. Is é a n-ionchas go gcaithfimid go cóir agus go cruinn lena leasanna, a ndearcthaí agus a dtuairimí láidre; go ndéanfaimid gach iarracht chun a bheith macánta; nach dtugaimid fabhar do thaobh amháin nó eile i gcás saincheiste a bhfuil conspóid fúithi; nach léirímid leasanna dílsithe; agus nach bhfuil aon leas pearsanta againn san ábhar a chraolaimid.

#### **7.2.1 Rialacha BAI**

Seo a leanas rialacha BAI maidir le cruinneas agus freagrúlacht:

- 17.** Cuirfear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha i láthair le cruinneas cuí, agus aird ar na cúinsí agus na fíricí a bhfuil atá ar eolas ag an am ag a bhfuil an ábhar á ullmhú agus á chraoladh.
- 18.** Is féidir dhá chraoladh, nó níos mó ná dhá chraoladh, a mheas mar chraoladh iomlán má tharchuirtear laistigh de thréimhse réasúnta ama óna chéile iad agus go ndéantar aon naisc den chineál sin soiléir don lucht féachana/éisteachta.
- 19.** Ní dhéanfar mífhaisnéis ar thuairimí agus ar fhíricí nó ní chuirfear i láthair iad ina leithéid sin de shlí agus a dhéanfaidh míthreorach iad. Beidh láithreoirí feasach maidir lena dtuin labhartha agus úsáid focail agus iad ag tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha ionas go seachnófar míthuiscint i dtaobh na gcúrsaí a ndéanfar tuairisciú orthu.
- 20.** Déanfar botún suntasach a admháil agus a cheartú chomh tráthúil agus is féidir, ar bhealach atá cuí agus comhréireach. Beidh aird ag craoladh ar cheartú nó ar shoiléiriú ar an am agus ar na cúinsí a bhí ann nuair a rinneadh an craoladh bunaidh.

#### **7.2.2 Prionsabail BAI maidir le Cruinneas agus Freagrúlacht**

Tá lucht féachana agus éisteachta i dteideal a chreidiúint go bhfuil an ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar a bhfaigheann siad rochtain ó na meáin chraolacháin cruinn, agus creideann siad é sin. Cuireann faisnéis chruinn ar chumas saoránach rannpháirtíocht níos iomláine a bheith acu i sochaí dhaonlathach. Dá bhrí sin is bunphrionsabal é an cruinneas a bhaineann le craoladh ábhar nuachta agus cúrsaí reatha agus ba chóir i gcónaí go mbeadh tús áite aige thar an luas lenar féidir ábhar a sheachadadh. Admhaítear freisin gur féidir faisnéis mhíchruinn a thabhairt amach, bíodh sé sin go follasach nó go hintuigthe. Tá prionsabal na freagrúlachta ceaptha lena chinntiú go ndéanann craoltóirí bearta ceartaitheacha atá cothrom, tráthúil agus cuí i dtaobh craoladh faisnéise mhíchruinn a láimhseáil.

### 7.2.3 Caighdeán TG4 maidir le Cruinneas

- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil fíricí ábhartha beacht agus iad á gcur i láthair i gcomhthéacs
- Gan ábhar fíorasach a chur i láthair ar bhealach a chuirfidh an lucht féachana nó éisteachta ar mhíthreoir. (I gcásanna áirithe d'fhéadfadh go dteastódh lipéid chuí nó eolas mínitheach eile)
- Earráidí fíorasacha suntasacha a aithint agus a cheartú go tapa, go soiléir agus go hiomchuí i gcomhairle leis an mbainisteoir eagarthóireachta iomchuí.

Ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh imeachtaí a fhianú ar an láthair agus eolas ar an láthair a bhailiú nuair is féidir. Nuair nach féidir ba cheart dúinn labhairt le foinsí príomha, agus, más gá, comhthacú lena bhfianaise.

Ba cheart go mbeadh leisce orainn brath ar fhoinse aonair go háirithe má tugadh an t-eolas ón bhfoinse sin ar bhonn anaithnideachta. Má bhraithimid ar fhoinse aonair, is fearr i gcónaí foinse ainmnithe is féidir a fhoilsiú.

### 7.3 Cruinneas

Tá níos mó i gceist le le cruinneas ná na fíricí a bheith i gceart. Má tá saincheist conspóideach ní mór tuairimí iomchuí mar aon le fíricí a chur san áireamh. Ba chóir na fíricí iomchuí uile agus an t-eolas uile atá ar fáil a mheá chun a theacht ar an bhfírinne.

I gcás gur iomchuí don aschur, ba chóir dúinn:

- ábhar a bhailiú, foinsí ar an láthair á n-úsáid nuair is féidir
- fíricí a sheiceáil agus a chros-sheiceáil
- údaracht fianaise agus ábhar doiciméadach a bhailíochtú
- agus, nuair is féidir, comhthacú le héilimh agus le líomhaintí a dhéanann rannpháirtithe agus a chinntiú nach bhfuil ráitis ná tuairimí conspóideacha ceilte ag an anaithnideacht.

I gcás ábhair nuachta agus cúrsaí reatha, is tábhachtaí cruinneas a bhaint amach ná luas.

Áirítear i dtiomantas don chruinneas a bheith toilteanach earráidí suntasacha a cheartú agus eolas débhríoch nó míthreorach ar bhealach eile a shoiléiriú ar bhealach chomh tráthúil agus chomh iomchuí agus is féidir. Tig le ceartú tapa agus feiceálach iontaoibh dhíobhálach ar eolas míchruinn a laghdú, ag cur san áireamh go háirithe gur féidir ábhar a scaipeadh go tapa, go forleathan agus go buan.

### 7.4 Foinsí eolais

De ghnáth aithnímid foinsí eolais agus rannpháirtithe suntasacha, agus cuirimid a ndiúir ar fáil sa chaoi gur féidir lenár lucht féachana agus éisteachta a stádas a mheas. Teastaíonn dhá fhoinse uainn de ghnáth sula gcráilimid rud mar fhíric. Má bhíonn orainn brath ar fhoinse aonair caithfidh a bheith an-mhuiníneach go bhfuil an t-eolas beacht agus an fhoinse iontaofa. Mura mbímid ábalta ábhar a fhíorú go leordhóthanach, ba cheart dúinn é seo a rá agus cé dó ar cuireadh an t-eolas síos.

Is prionsabal tábhachtach iriseoireachta é céannacht foinsí faoi rún a chosaint. Ach nuair atáthar ag brath ar fhoinsé anaithnid, ba chóir dúinn sinn féin a shásamh go bhfuil cosaint na hanaithnideachta riachtanach d'insint an scéil. I gcásanna dá leithéid ba cheart dúinn freisin cibé eolas is féidir linn a chur ar fáil dár lucht féachana faoin bhfoinsé i gcruth a sholáthraíonn fianaise éigin ar a gcreidiúnacht ach nach dtugann míthreoir ábhartha faoi stádas na foinsé, agus nach gcuireann a n-anaithnideacht i mbaol. Tá sé tábhachtach i gcónaí an cheist a chur: cén chaoi a bhfuil an t-eolas seo ag an duine seo, agus cén fáth a bhfuil siad á insint dúinn anois?

I scéal a thionscain TG4 do chlár nach clár nuachta, tá an ceart ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe ábhartha céannacht na príomhfhoinsé a lorg. I gcásanna ina bhfuil líomhaintí tromchúiseacha bainteach leo ba cheart dúinn diúltú d'aon iarracht ó fhoinsé anaithnid go gcosfaí nochtadh a gcéannachta d'Eagarthóir Coimisiúnaithe. Má tharlaíonn sé seo, ba cheart don tuairisceoir a thabhairt le fios go soiléir go bhféadfadh sé nach ndéanfaí an t-eolas a fuarthas faoi rún a chraoladh.

Ba chóir dúinn na hagallaimh thaighde a dhéanaimid le foinsí a thaifeadadh aon uair is féidir sa chás go mbíonn cead faighte ó na daoine atá faoi agallamh é sin a dhéanamh. I gcúinsí ina bhféadfadh taifeadadh bac a chur ar an bhfoinsé, ba chóir nótaí iomlána a dhéanamh, b'fhéarr é seo a dhéanamh ag an am, nó mura féidir, chomh luath agus is féidir ina dhiaidh, agus ba chóir don bhall foirne i gceist iad a choinneáil.

Ba chóir dúinn nótaí cruinne, iontaofa, agus comhaimseartha, nuair is féidir, a thógáil de gach taighde suntasach agus d'eolas iomchuí eile. Caithfimid taifid a choinneáil de thaighde lena n-áirítear comhfhreagras leictreonach agus scríofa, nótaí agus doiciméid chúlra. Ba chóir iad a choinneáil ar bhealach a cheadaíonn seiceáil dhúbailte, go háirithe tráth scrípte, agus más gá ag duine eile den fhoireann.

Tá cúrsaí ar leith le cur san áireamh do thuairisciú ar na meáin shóisialta mar Twitter nó Facebook agus ar ábhar eile a bhíonn ginte ag an úsáideoir. Níor chóir dúinn glacadh leis uaidh féin go bhfuil an t-ábhar cruinn agus ba chóir gach beart réasúnach a dhéanamh, ag brath ar cén úsáid a bhainfead as, chun fíorú i leith a chruinnis agus a bhunús araon a lorg. Caithfimid cúram ar leith a dhéanamh den chaoi a n-úsáidimid aon ábhar a mheasaimid a chuir duine de bhrúghrúpa nó d'eagraíocht a bhfuil leas dílsithe acu sa scéal ar fáil, agus ní gnáthdhuine neamhchlaonta. Féach freisin **Treoir ar Thuairisciú ó fhoinsí Idirlín agus na Meáin Shóisialta** in Aguisín 2.

## 7.5 Úsáid Athchruthaithe Imeachtaí Reatha

Níor chóir do chláir nuachta athchruthú a dhéanamh do chúrsaí reatha go hiondúil de bharr na contúirte atá ann go gcuirfí an lucht féachana/éisteachta amú. I gcás go n-úsáideann clár cúrsaí reatha nó fíorasacha athchruthuithe ba chóir dóibh a bheith cruinn agus gan a bheith míthreorach nó scéal mór a dhéanamh de.

Ba chóir go mbeifí in ann iad a aithint mar athchruthuithe, mar shampla trí lipéadú i bhfocail nó amharcaíonna nó leidí fuaimne nó físeacha, mar mhallghluaiseacht nó ghrádú datha. Ba chóir freisin go mba shoiléir don lucht féachana cén áit a gcuirtear tús agus deireadh le hathchruthú.

Níor chóir an lipéad “Athchruthú” a úsáid ach sa chás in ar athchruthú i ndáiríre é an rud a léirítear; i gcás nach ndéanann an léiriú iarracht imeachtaí a athchruthú ach go mbaineann sé úsáid as seift fuaimne nó fise chun iad a léiriú, ansin ba chóir é seo a chur in iúl go soiléir don lucht féachana.

## **Cuid 8. Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht**

### **8.1.1 Ról TG4 san Acht Craolacháin 2009**

Is craoltóir seirbhíse poiblí é TG4 agus feidhmíonn sé faoi reachtaíocht le cistí poiblí. Soláthraíonn sé spás suntasach do dhíospóireacht phoiblí agus bítear ag súil mar sin go mbeidh sé éagsúil ó na meáin eile. Ba chóir go mbeadh an pobal féachana ábalta gach taobh den díospóireacht a fheiceáil agus a chloisteáil. Ba chóir go mbeidís ábalta glacadh leis go bhfuil TG4 agus láithreoirí a chlár neodrach ar shaincheisteanna is ábhair chonspóide poiblí mar a éilítear le halt 39 den Acht Craolacháin 2009.

Ina chlár, ní mór do TG4 na príomhthreonna machnaimh agus na sruthanna tuairimíochta is mó a léiriú, gan ró-shimpliú a dhéanamh ar shaincheisteanna casta nó dearthaí mionlaigh iomchuí a fhágáil as go treallach. Is dearthaí criticiúla a bheidh sna dearthaí mionlaigh seo go minic agus aithníonn TG4 go dtéann daoine a bhfuil seasamh mar seo acu in aghaidh na bpríomhthreonna machnaimh agus an phríomhshrutha tuairimíochta. Fágann sé go nglacann déantóirí clár leis an oibleagáid ualach na fianaise a chur i láthair go cóir agus chun imeachtaí a thuairisciú agus a léirmhíniú ar bhealach a léiríonn meas ar an gcomhthéacs mar aon leis na buaicphointí nuachta agus cúrsaí reatha.

Caithfidh TG4 a bheith ina sholáthraí faisnéise neamhchlaonta do mhuintir na hÉireann. Cibé cead atá ann tuairimí nó dearthaí pearsanta a chur i láthair ar chlár ghinearálta, tá oibleagáid dhaingean laistigh de chlár cúrsaí reatha neamhchlaontacht chuí a chleachtadh.

### **8.1.2 Rialacha BAI maidir le hOibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht**

Seo a leanas rialacha BAI maidir le hOibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht:

17. Cuirfear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha i láthair le cruinneas cuí, agus aird ar na cúinsí agus na fíricí a bhfuil ar eolas ag an am ag a bhfuil an ábhar á ullmhú agus á chraoladh.
18. Is féidir dhá chraoladh, nó níos mó ná dhá chraoladh, a mheas mar chraoladh iomlán má tharchuirtear laistigh de thréimhse réasúnta ama óna chéile iad agus go ndéantar aon naisc den chineál sin soiléir don lucht féachana/éisteachta.
19. Ní dhéanfar mífhaisnéis ar thuairimí agus ar fhíricí nó ní cuirfear i láthair iad ina leithéid sin de shlí agus a dhéanfaidh míthreorach iad. Beidh láithreoirí feasach maidir lena dtuin labhartha agus úsáid focail agus iad ag tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha ionas go seachnófar míthuiscint i dtaobh na gcúrsaí a ndéanfar tuairisciú orthu.

20. Déanfar botún suntasach a admháil agus a cheartú chomh tráthúil agus is féidir, ar bhealach atá cuí agus comhréireach. Beidh aird ag craoladh ar cheartú nó ar shoiléiriú ar an am agus ar na cúinsí a bhí ann nuair a rinneadh an craoladh bunaidh.
21. Níl sé ceadmhach do láithreoir ná do thuaisceoir nuachta a t(h)uairim féin a nochtadh le linn clár nuachta i dtaobh cúrsaí atá ina n-ábhar conspóide poiblí nó atá mar ábhar díospóireachta reatha poiblí.
22. Cuid thábhachtach de ról an láithreora ar chlár chúrsaí reatha is ea a chinntiú go bhfuil teacht ag an lucht féachana/éisteachta ar réimse leathan tuairimí ar ábhar an chláir nó na míre; nochtadh tuairimí na rannpháirtithe a éascú – uaireanta le diancheistiú; agus a dtuairimí siúd nach féidir leo, nó a roghnaíonn gan, a bheith páirteach i gclár a léiriú. Dá réir sin, ní nochtfaidh láithreoir agus/nó tuaisceoir a chuid/a cuid tuairimí nó barúlacha maidir le cúrsaí atá ina n-ábhar conspóide poiblí nó atá ina n-ábhar díospóireachta reatha poiblí, ar bhealach a thabharfadh tacaíocht do sheasamh páirtíneach
23. I gcás go gcuirtear i láthair aon ní ar a dtugtar —tuairim phearsanta|| nó míreanna atá - leis an údar”níl sé sin míchuí, faoi réir ghnáthrialú eagarthóireachta. Ní thugann sé sin díolúnú don mhír nó don chlár – nó do shraith míreanna/clár a bhaineann leis – ó na ceanglais reachtúla a bheith neamhchlaonta, oibiachtúil agus cothrom maidir leis na páirtithe leasmhara ar fad atá i gceist. Sa chaoi céanna, is féidir mír nó clár —leis an údar|| a cheadú más cuid é de shraith clár a bhaineann lena chéile a chomhlíonfaidh na ceanglais reachtúla nuair a chuirtear lena chéile iad.
24. Ní mór i gcás cláir nó míre ina bhfuil —tuairim phearsanta|| nó atá —leis an údar|| é sin a chur in iúl go soiléir don lucht féachana/éisteachta ón tús ar fad, nó i gcás sraith míreanna nó clár, ag tús gach cláir.
25. Beidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach craoltóir chun aghaidh a thabhairt ar aon choimhlintí leasa a d’fhéadfadh teacht chun cinn i measc pearsanra; bíodh sé sin ar an aer nó den aer; nuair a bheidh siad ag déileáil le ábhar nuachta nó cúrsaí reatha.
26. Ní mór aon leas pearsanta, proifisiúnta, gnó nó airgeadais de chuid éinne a bhfuil baint eagarthóireachta aige/aici le ábhar nuachta nó cúrsaí reatha a ardaíonn ceist (nó a d’fhéadfaí a bhraistint go réasúnta leis go n-ardaíonn sé ceist) maidir le cothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht na míre a bhfuil tuairisciú á déanamh uirthi a chur in iúl don lucht féachana/éisteachta. Chuige sin, sásóidh craoltóirí iad féin go bhfuil sé ar a gcumas a bheith ar an eolas maidir le leasanna ábhartha na ndaoine atá i gceist, agus a dheimhniú an bhfuil an oiread sin de leas i gceist agus go mbeadh sé riachtanach aon duine a tharraingt siar ó aon rannpháirtíocht eile sa mhír nó sa chlár.

### 8.1.3 Prionsabail BAI maidir le hOibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht



Baineann na prionsabail maidir le hoibiachtúlacht agus neamhchlaontacht lena chinntiú go ndéantar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a thiomsú, a léiriú agus a chur i láthair ar chaoi lena bhfeictear go bhfuil sé neamhspleách, neamhchlaonta agus gan réamhbhreithiúnas agus lena bhfuil sé soiléir gur mar sin atá. Níor chóir go gceapfaí de réir na rialacha a leagtar amach iad sa Chód seo maidir leis an oibiachtúlacht nó leis an neamhchlaontacht nach féidir le tuairisceoir tuairimí criticiúla a chur in iúl nó línte fuinniúla ceistiúcháin a leanúint. Go deimhin, is minic is gá iad sin a dhéanamh chun cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach. Tá sé riachtanach, áfach, go mbeadh an léiriú, an tuairisciú agus an cheistiú a dhéantar ar aon mhír nuachta nó cúrsaí reatha inchreidthe, iontaofa agus neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de.

## **8.2 Caighdeán TG4 maidir le hoibiachtúlacht agus neamhchlaontacht.**

- Nuacht agus eolas a chruinniú agus a chur i láthair le neamhchlaontacht chuí.
- Éagsúlacht peirspictíochtaí a chur i láthair sa chaoi, thar thréimhse ama, nach bhféadtar aon snáithe suntasach machnaimh ná creidimh ar lár go feasach ná nach ndéantar tearc-léiriú ná ró-léiriú orthu.
- Ná habair nó ná tabhair le fios gur tuairimíocht eagarthóireachta de chuid TG4 é peirspictíocht ar bith. Ní ghlacann TG4 aon seasamh eagarthóireachta seachas a thiomantas do bhunphrionsabail dhaonlathacha lena n-áirítear riail an dlí, saoirse chainte agus reiligiúin, daonlathas parlaiminteach agus comhionannas deiseanna.
- Ná tabhair mífhaisnéis ar aon pheirspictíocht.
- Ná tabhair buntáiste míchuí do pheirspictíocht amháin thar ceann eile.

## **8.3 Éagsúlacht Clár**

Tá dualgas ar TG4 seirbhís a sholáthar go príomha trí Ghaeilge agus atá ar fáil do mhuintir uile na hÉireann go háirithe don Ghaeltacht. Ba chóir dá aschur a n-eispéaraí agus a leasanna a léiriú. De réir mar a athraíonn sochaí na hÉireann ní mór do TG4 a bheith íogaireach do na hathruithe sin.

Ní mór d'aschur TG4 an mhósáic arb í Éire í sa lá atá inniu ann a léiriú go cóir lena prionsabail chreidimh agus spioradálta, a meascán eitneach, a próifíl aoise agus ghnéis, a comhionannas agus a neamhionannais, a gnóthachtálacha oideachais, a dearcthaí polaitiúla, a raon geografach, a staid eacnamaíochta, a meascán teangacha, a leasanna éagsúla sna healaíona agus i gcúrsaí spóirt, agus a héagsúlacht cultúir. Ní mór do rannpháirtithe clár agus na luachanna a aimsítear i gclár an éagsúlacht sin a léiriú.

Ba chóir do chlár aghaidh a thabhairt ar raon leathan ábhar ó éagsúlacht peirspictíochtaí ar bhealaí éagsúla agus ó éagsúlacht foinsí. Áirítear anseo ábhar a chruthaigh foireann TG4, é sin a chruthaigh lucht féachana agus é sin a coimisiúnaíodh nó a fuarthas ó dhéantóirí clár neamhspleácha. Déanaimid iarracht cothroime tuairime a choinneáil a léiríonn ualach na fianaise.

Ní éilíonn neamhchlaontacht go bhfaigheann gach peirspictíocht am comhchothrom, nó go gcaitear gach gné de gach argóint a chur i láthair. Ní féidir i gcónaí é seo a bhaint amach lastigh de chraoladh aonair ach caithfear é a chur i gcríoch laistigh de thréimhse réasúnach trí rannpháirtíocht chothromaithe a dtugtar fógra soiléir ina thaobh gurb é sin atá ann.

Ní cheadaíonn éagsúlacht tuairimí gríosú chun fuatha i leith aon ghrúpa mar gheall ar bhunús eitneach, náisiúntacht, cine, inscne, claonadh inscne, stádas pósta, míchumas, tinneas, aois nó gur daoine den lucht siúil iad.

#### **8.4 Tuairimí pearsanta láithreoirí, tuairisceoirí agus comhfhreagróirí**

Is iad na láithreoirí, na tuairisceoirí agus na comhfhreagróirí an chuid phoiblí de TG4 a fheiceann an pobal. Is féidir leo tionchar mór a bheith acu ar an tuiscint a bhíonn ag daoine faoi an mbíonn neamhchlaontacht déanta nó nach mbíonn. Níor chóir go mbeadh an lucht féachana in ann tuairimí pearsanta ár gcuid iriseoirí, ár láithreoirí nuachta nó chúrsaí reatha a fheiceáil ónár aschur maidir le cúrsaí polasaí poiblí nó cúrsaí conspóideacha, faoi chúrsaí conspóideacha polaitíochta nó tionsclaíochta nó faoi “ábhair chonspóideacha” in aon réimse eile. Féadfaidh siad diancheistanna a chur nó breithiúnais ghairmiúla a thairiscint a bheidh bunaithe i bhfianaise ach ní fhéadfaidh siad tuairimí pearsanta a léiriú in aschur TG4, ar líne, nó in áit eile, agus ní mór dóibh a bheith cúramach agus iad ag baint úsáide as meáin shóisialta le nach léireoidh siad aon neamhchlaontacht.

Tá cláir thuairimí pearsanta nó míreanna ‘údaraithe’ inghlactha faoi réir ghnáthshrian eagarthóireachta, ach ní fhágann a n-áireamh go bhfuil an clár (nó sraith de chláir ghaolmhara) díolmhaithe ón oibleagáid a bheith neamhchlaonta, oibiachtúil agus cóir do na leasanna uile lena mbaineann. Caithfear fógra soiléir a thabhairt don lucht féachana faoi chlár nó faoi mhíreanna dá leithéid ón tús, nó i gcás sraith clár, ag tús gach cláir.

Ní chóir dúinn glacadh leis uaidh féin go bhfuil rannpháirtithe ó eagraíochtaí eile (mar an lucht acadúil, iriseoirí, taighdeoirí agus ionadaithe ó charthanachtaí) neamhchlaonta agus d’fhéadfadh go mbeadh orainn a shoiléiriú don lucht féachana nuair atá rannpháirtithe bainteach le dearcadh nó le leas speisialta ar leith, murar léir sin óna rannpháirtíocht nó ón gcomhthéacs don mhéid a rinne siad.

## **8.5 Láithreoirí agus déantóirí clár agus coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann**

Ba chóir do láithreoirí agus do dhéantóirí clár aon choinbhleacht leasa ionchasach a chur in iúl don Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí. Feidhmíonn TG4 polasaí agus nósanna imeachta cuí le díriú ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nó a thiocfadh chun cinn maidir le haon duine a bhfuil baint eagarthóireacht aige nó aici le haon ábhar nuachta nó cúrsaí reatha, cibé an n-oibríonn an duine sin ar an aer nó den aer.

Cinntíonn TG4 go gcuirtear os comhair an lucht féachana aon leas pearsanta, gairmiúil, gnó, airgeadais aon duine a bhfuil baint eagarthóireachta aige nó aice le hábhar nuachta nó cúrsaí reatha a chothaíonn imní faoi chothroime, oibiachtúlacht, neamhchlaontacht cláir nó míre (nó a d'fhéadfaí a fheiceáil mar ní a chothódh imní). Chuige sin feidhmíonn TG4 polasaí agus nósanna imeachta cuí lena chinntiú go mbeidh sé féin sa chaoi go mbeidh fhios aige faoi leasanna cuí na ndaoine a bhíonn i gceist agus lena chinneadh an bhfuil an oiread leasa ann agus gur cheart d'aon duine tarraingt siar as baint a bheith acu leis an mír nó leis an gclár.

Caithfidh déantóirí clár agus láithreoirí a chinntiú agus iad ag úsáid na meán sóisialta, nach dtabharfaidís míthuiscintí a dhéanfadh dochar maidir le claontacht TG4 nó a neamhchlaontacht féin.

Ba chóir d'iriseoirí a thuairiscíonn ar na meáin shóisialta nó a úsáideann na meáin shóisialta dul i gcomhairle na dtreoirínte iomchuí (féach aguisín 2).

## Cuid 9. Ionracas agus Neamhspleáchas Eagarthóireachta

### 9.1 An tSeirbhís Phoiblí agus Ionracas agus Neamhspleáchas

Tá TG4 ann le freastal ar an bpobal. Caithfidh an pobal muinín a bheith aige as ionracas agus neamhspleáchas a gcloiseann agus a bhfeiceann an lucht féachana ar sheirbhísí TG4. Tá oibleagáid orainn a bheith neamhspleách ar gach leas dílsithe agus gan amhras a tharraingt orainn féin ar chúis ar bith.

Ní mór do TG4 a bheith neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta ar rialtas, ar leasanna gnó, ar pháirtithe polaitíochta, ar cheardchumann agus ar bhrúghrúpaí. Ní féidir go dtiocfadh aon tuiscint chun cinn go mbainfeadh láithreoirí, tuairisceoirí ná léiritheoirí aon bhuntáiste ar bhonn pearsanta as a shocrú cé a bhíonn ar chlár, cad iad na táirgí a bhíonn orthu, nó cad iad na ceistanna a pléitear.

Agus rud atá díreach chomh tábhachtach, níor chóir go mbeadh bunús ar bith leis an tuiscint go léiríonn cinntí eagarthóireachta tuairimí pearsanta na bhfoirne léiriúcháin ar bhealach éigin. Mar shaoránaigh, tá sé de cheart ag gach déantóir clár a thuairimí pearsanta a bheith aige/aici faoi ábhair díospóireachta reatha. Níor chóir go bhfeicfí gur shocraigh na tuairimí seo clár oibre, línte ceistiúcháin, ná cinntí eagarthóireachta i gclár.

### 9.2 Caighdeán TG4 maidir le hionracas agus neamhspleáchas eagarthóireachta

- Neamhspleáchas agus ionracas TG4 a choinneáil
- Rialú eagarthóireachta TG4 an fheidhmiú ar an ábhar a chraolann nó a fhoilsíonn TG4.
- A chinntiú nach mbíonn tionchar míchuí ar chinntí eagarthóireachta ag leasanna pearsanta, tráchtála, eárnálacha nó polaitiúla
- Níor chóir do ghníomhaíochtaí seachtracha daoine aonair a dhéanann obair thar ceann TG4 an bonn a bhaint de neamhspleáchas agus d'ionracas ábhair eagarthóireachta.

### Oibleagáid Shainordaitheach 3

**Ba chóir aon leas airgeadais, gnó, gairmiúil nó pearsanta a thabharfadh faoi cheist cothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht infheicthe láithreora nó duine den fhoireann a chur in iúl don Ardstiúrthóir.**

Má mheasann an tArdstiúrthóir go bhféadfaí go mbraithfí go raibh an choinbhleacht leasa suntasach, d'fhéadfaí a iarraidh ar an Láithreoir nó ar an Tuairisceoir an choinbhleacht a réiteach trí gan dul ag obair ar an togra nó tríd an leas a nochtadh ar an aer.

### 9.3 Iriseoireacht Airgeadais

Chun a chinntiú gur féidir leis an lucht féachana agus an lucht éisteachta a bheith muinteach nach mbaintear an bonn ó aschur TG4 ag gníomhaíochtaí lasmuigh nó ag leasanna airgeadais duine ar bith den fhoireann, ba chóir na hiriseoirí agus do na láithreoirí a chlúdaíonn nuacht airgeadais a gcuid scairshealbán, a leasanna gnó agus airgeadais nó a ndéileálacha in urrúis a chlárú.

Ní ceadmhach do láithreoirí ná d'iriseoirí TG4 dul i mbun déileála cos istigh trí aon eolas airgeadais a fhaigheann siad roimh ré a fhoilsiú go ginearálta, a úsáid ar mhaithe lena mbrabús féin nó brabús tríú páirtí. Agus é á bhreithniú féachaint ar eolas chos istigh é an t-eolas, ba chóir d'iriseoirí aird a bheith acu ar eolas é atá beacht agus an dóigh go mbunódh infheisteoir cinneadh infheistíochta air.

Ní ceadmhach d'iriseoirí TG4 dul i mbun cúblála margaidh. Go háirithe, níor chóir dóibh comharthaí míthreoracha nó bréagacha a thabhairt maidir le soláthar ionstraimí airgeadais, an t-éileamh atá orthu ná a bpragsanna.

Ní ceadmhach d'iriseoir ar bith a bhíonn ag dul d'iriseoireacht airgeadais nó d'aon chineál tuairiscithe ar mhargaí airgeadais, déileáil le cos istigh nó cúbláil mhargaidh. Is cionta coiriúla iad déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh a bhféadfadh go mbeadh fíneáil nach níos mó ná €10,000,000 agus téarma príosúin suas le 10 mbliana ag dul leo.

#### Oibleagáid Shainordaitheach 4

**Níor chóir d'iriseoirí airgeadais aon ghnó ná seirbhís airgeadais san aschur againne a chur chun cinn, ná a thabhairt le fios go raibh sé á chur chun cinn.**

Forchuireann an dlí rialacha ar leith ar tháirgeadh agus ar dháileadh moltaí infheistíochta. Sa chomhthéacs seo, tá sainmhíniú reachtúil cruinn ag baint le moladh, agus is é sin *“taighde nó aon eolas eile a mholann staitéis infheistíochta, ceann ar aghaidh nó go hintuigthe, a bhaineann le hiontraim nó ionstraimí airgeadais nó eisisitheoirí ionstraimí airgeadais lena n-áirítear aon tuairim faoi luach nó praghas reatha nó luach nó praghas amach anseo ionstraimí den sórt sin a bheidh beartaithe do chainéil dáilte nó don phobal”*.

Ba chóir go mbeadh aon mholadh dá leithéid soiléir gan a bheith míthreorach, agus ba chóir an fhoinsé a nochtadh. Má tá iriseoir de chuid TG4 le moladh a dhéanamh ní mór dó/di na cúinsí go léir a d'fhéadfadh le réasún a cheapadh go laghdóidís oibiachtúlacht an mholta a nochtadh. Áirítear anseo aon leasanna sna hionstraimí airgeadais is ábhar don mholadh atá i seilbh an iriseora sin nó dlúthdhaoine den teaghlach a nochtadh.

## 9.4 Bronntanais a Ghlacadh

Níor chóir do láithreoirí TG4 agus do bhaill eile den fhoireann léiriúcháin, lena n-áirítear saorchonraitheoirí agus trádálaithe aonair, glacadh le haon tairiscintí a tharraingeodh amhras ar neamhspleáchas agus ar ionracas TG4. Ní cheadaítear go háirithe, bronntanais a bhfuil níos mó ná luach ainmniúil leo a ghlacadh.

### Oibleagáid Shainordaitheach 5

Ní mór gach iarratas um choinne óráidíochta, cathaoirleacht ar chruinnithe, lena n-áirítear cinn charthanachta/neamhbhrabúsacha, a tharchur go dtí an Leascheannasaí roimh ré lena gceadú.

## 9.5 Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht tráchtála agus in infheistíochtaí

Ní mór do shaorchonraitheoirí nó conraitheoirí neamhspleácha atá fostaithe ag TG4 mar láithreoirí aon ghníomhaíochta tráchtála nó infheistíochtaí a bhfuil baint acu leo a d'fhéadfadh cur as do TG4, a nochtadh don Stiúrthóir Coimisiúnaithe nó don Ardstiúrthóir.

### Oibleagáid Shainordaitheach 6

Níor cheart do láithreoirí TG4 fiontar tráchtála ar bith a bhfuil siad bainteach leo nó ar féidir go mbeadh gnóthachan airgeadais acu astu a chur chun cinn ina gcláir.

## 9.6 Caitheamh Suaitheantas nó Siombal Polaitiúil nó reiligiúnach

Ní cheadaíonn TG4 do láithreoirí suaitheantais ná siombail reiligiúnacha ná polaitiúla a chaitheamh ar an scáileán ar siombail iad a bhféadfaí a bhrath uathu go raibh an bonn á bhaint den neamhchlaontacht eagarthóireachta.

## Cuid 10. Freastal ar Leas an Phobail

### 10.1 Ceanglais leas an phobail de bhun an Acht Craolacháin 2009

*Ceanglaítear ar TG4 le halt 118 (2) den Acht Craolacháin 2009 a leanas:*

- Beidh aird aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sé i gcuimhne a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile, cinnteoidh sé go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh aird ar leith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar na Gaeltachtaí,
- Tacóidh sé leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh, agus
- Beidh aird aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

Táimid tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar scéalta suntasacha agus do chur freagrachta orthu siúd atá i seilbh oifige poiblí nó atá freagrach don phobal ar bhealaí eile.

Is é ár gcur chuige maidir le freastal ar leas an phobail ná tuairisciú ar nithe dá leithéid agus trí fhóram a chur ar fáil do dhíospóireacht náisiúnta ar shaincheisteanna gaolmhara agus suntasacha eile.

### 10.2 Ár gcaighdeáin maidir le freastal ar leas an phobail

Beidh imscrúduithe agus tuairisciú TG4 i **gcomhréir** lena bhfuil á imscrúdú agus spriocdhírthe go soiléir. Tugann sé sin le tuiscint:

- tuiscint shoiléir cén fáth gurb é leas an phobail atá i gceist
- bheith i seilbh roinnt fianaise a chaithfeadh a bheith ann a thabharfadh imscrúdú chun cinn sa chaoi nach “iascach” atá ann
- seachaint cleasanna éalaithe ach amháin i gcúinsí údaráithe atá sainmhínithe go soiléir
- rialacha an-soiléire sa chás go mbíonn taifeadadh rúnda i gceist
- sraith shoiléir údaráithe ó laistigh den slabhra bainistíochta líne eagarthóireachta
- réasúnaíocht shoiléir don rud a chuirtear i láthair an phobail ar deireadh, agus cén chaoi a ndéantar é.

### 10.3 Ár gcur chuige maidir le freastal ar leas an phobail

Tá ár gcur chuige bunaithe againn ar na toimhdí seo a leanas:

- Bíonn suim ag saoránaigh i stát daonlathach in eolas faoi chóras feidhmithe an stáit, a institiúidí agus a oifigh, tofa agus ceaptha araon. Níl an tsuim seo teoranta áfach d’institiúidí an stáit, ach do chorparáidí agus do dhaoine aonair príobháideacha agus d’eagraíochtaí deonacha a éilíonn muinín an phobail.
- Nuair atá duine aonair i seilbh oifige, cibé in institiúid phoiblí nó i gcuideachta phríobháideach nó eagraíocht dheonach a éilíonn muinín an phobail, is ar mhaithe le leas an phobail é go mbeadh gníomhartha an duine aonair sin agus é ag saothrú na spriocanna seo oscailte le go ndéanfadh na meáin nuachta cigireacht, anailís agus imscrúdú orthu.
- Tá breithiúnas le tabhairt ar dhuine aonair dá leithéid as a g(h)níomhartha poiblí, ní na gníomhartha príobháideacha. Sa chás seo ba chóir “príobháideach” a shannadh mar cheisteanna a bhaineann le caidreamh pearsanta, cumarsáid phearsanta, creidimh agus comhcheangail roimhe seo murar féidir a léiriú go bhfuil siad seo bainteach go díreach agus go suntasach le feidhmiú a ndualgas poiblí. Is í an teist i gcónaí an tionchar ar ghníomhartha nó ar dhualgais phoiblí.
- Is annamh go mbíonn an deighilt idir príobháideach agus poiblí daingean; má léirítear le linn imscrúdaithe, go bhfuil naisc ann idir an ní poiblí agus an ní príobháideach, ansin is réimse fiosraithe dlisteanach é an dara ceann sin.
- Tuairiscimid agus léirimid iarmhairtí an fhoréigin, na tragóide, an tráma nó dúshaothrú coiriúil go cúramach agus go híogaireach. Ní loicimid ón réadúlacht a nochtadh ach seachnaímid anacair in aisce a chur ar íospartaigh, ar fhinnéithe nó ar ghaolta daoine a bhíonn éagtha.

Is léir gur bealach tábhachtach é imscrúduithe chun nithe gurbh é leas an phobail iad a thabhairt chun solais: dhrochriarachán, coiriúlacht agus caimiléireacht, mí-úsáid cistí poiblí, mí-úsáid ar dhaoine atá faoi chúram an stáit, stádas iompair fhrithshóisialta agus gníomhaíochtaí amhrasacha daoine aonair nó grúpaí gairmithe.

Áireofar ar nithe a léireoidh gurb é leas an phobail é:

- Eolas a nochtadh a cheadaíonn do dhaoine cinneadh cuid mhór níos eolasaí a dhéanamh faoi chúrsaí a bhfuil tábhacht phoiblí ag baint leo
- Cosc a chur ar dhaoine á gcur ar mhíthreoir ag ráiteas nó gníomh éigin de chuid eagraíochta nó duine aonair
- An díospóireacht ar phríomh-shaincheisteanna a chur ar an eolas
- Cuntasacht agus trédhearcacht maidir le cinntí agus caiteachas poiblí a spreagadh
- An choiriúlacht nó iompar frithshóisialta suntasach a nochtadh
- Calaois agus caimiléireacht a nochtadh
- Cuidiú le daoine cinntí a mbíonn tionchar acu orthu a thuiscint agus a ndúshlán a thabhairt.



## 10.4 Imscrúduithe agus leas an phobail

### Oibleagáid Shainordaitheach 7

**Ní mór aon mholadh taobh amuigh den réamhthaighde chun imscrúdú a dhéanamh ar choireacht thromchúiseach nó ar iompar frithshóisialta suntasach nó ar shaincheist eile ar mhaithe le leas an phobail, a chur in iúl don Stiúrthóir Coimisiúnaithe.**

Tá breacadh cruinn agus iontaofa nótaí ina phríomhcheird riachtanach iriseoireachta; d'fhéadfadh sé a bheith ríthábhachtach freisin do chosaint cháil chláir imscrúdaithe, a fhoireann léiriúcháin agus TG4.

Nuair a dhéanann na daoine sin atá faoi imscrúdú agóid in aghaidh fianaise ar scannán ina dhiaidh sin, is uirlis thábhachtach iad taifid agus nótaí a chuireann síos ar réasúnaíocht an imscrúdaithe agus ar an bhfáth ar measadh gurb é leas an phobail é, ar an méid a bhí aimsithe, ar an gcaoi ar taifeadadh é agus ar aon imeachtaí iomchuí a ghabh leis, chun an taifeadadh agus an clár a bhailíochtú.

Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar shaincheisteanna a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu, roimh ré agus prótacail a leagan amach maidir leis an tslí chun leanúint ar aghaidh. Ba chóir dúinn a chinntiú nach mó imní an phobail faoi aon dochar a thiocthadh as ár modhanna oibre ná suim an phobail inár n-iriseoireacht.

Má athraíonn teorainneacha an imscrúdaithe cuid mhór le linn léiriúcháin, ba chóir é seo a dheimhniú agus a aontú leis an Stiúrthóir Coimisiúnaithe. D'fhéadfadh go mbeadh gá dul trí roinnt de na modhanna oibre tosaigh arís chun a chinntiú go bhfuil an fhianaise prima facie riachtanach agus leas pobail ag an imscrúdú athdhírthe i gcónaí.

Agus úsáid á baint as fianaise ó sceithirí nó ó fhoinsí anaithnide eile, déan na bearta cuí ar dtús lena n-anaithnideacht a chosaint. Tá sé tábhachtach a inspreagadh a dhiancheistiú, go háirithe i gcás sceithirí mura n-oibríonn siad níos mó don eagraíocht nó don chuideachta lena mbaineann agus d'fhéadfaí míchlú a tharraingt ar a n-éilimh ag éirí as modh a ndífhostaithe. Níor chóir de ghnáth aon íocaíocht a thabhairt do sceithirí ná aon mhealladh eile as a rannpháirtíocht.

I rith an phróisis eagarthóireachta, tá sé tábhachtach a chinntiú go léiríonn an clár críochnaithe an fhianaise go cóir agus go cruinn, ag cur an chomhthéacs inar tharla aon imeachtaí a taifeadadh faoi rún san áireamh.

Nuair a shoiléirítear na líomhaintí atá le déanamh, ba chóir de ghnáth iad a chur i láthair an duine aonair, na heagraíochta nó na cuideachta lena mbaineann in am trátha le go gcuirfí freagra ar fáil.

## Oibleagáid Shainordaitheach 8

Ní mór doiciméid íogaireacha, ábhar taifeadta agus eolas eile a choinneáil go sábháilte agus aon dáileadh ar ábhar dá leithéid a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Is oibleagáid í rúndacht taifead agus eolais a bhaineann le gach gné den iriseoireacht. Cuirfear prótacail áitiúla i bhfeidhm chun sábháilteacht agus slándáil a chinntiú.

Cuireann reachtaíocht craolacháin oibleagáid ar gach déantóir clár gan aon rud a chraoladh **“gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú”**.

Agus imscrúdú á dhéanamh ar ghníomhaíocht choiriúil d’fhéadfadh go dteastódh uainn, ar ócáidí annamha, coir ar leith a thaifeadadh. Sa chás go bhféadfadh sé sin ceisteanna a ardú faoinár gcaidreamh leis an gcoirpeach nó leis an gcoir, ní mór é a chur in iúl don Ardstiúrthóir agus don Rannóg Dlí. Beidh cinneadh le déanamh faoi na Gardaí a chur ar an eolas.

Ní thabharfar cead a bheith i láthair ag aon ghníomhaíocht mhídhleathach thromchúiseach ná é a thaifeadadh ach amháin más é leas an phobail é déanamh amhlaidh. Fiú ansin caithfimid na nithe seo a sheachaint:

- ligean le hiompar coiriúil ná cabhrú leis ná é a neartú
- iompar a spreagadh nó a bhriogadh nach mbeadh tar éis tarlú ar shlí eile
- an ghníomhaíocht a stiúradh ar bhealach ar bith.

D’fhéadfaí an dlí a chur ar aon duine a d’admhódh go ndearna sé, nó a rinne gníomh mídhleathach. Is féidir ár gcuid nótaí taighde, dialanna, r-phoist agus páipéarachas eile mar aon le buntéipeanna neamhchraolta a fháil le hordú cúirte. D’fhéadfadh sé go gcaithfí an t-ábhar seo a nochtadh freisin mar fhianaise i gcúirt, ag binse fiosraithe nó ag coiste cróinéara.

## Oibleagáid Shainordaitheach 9

Ar an ngnáthbhealach ní íocaimid daoine aonair ná a n-idirghabhálaithe le labhairt faoina gcoireanna. Ní mór aon mholadh chun íocaíocht dá leithéid a dhéanamh a tharchur go dtí an tArdstiúrthóir agus ní dhéanfar íocaíocht dá leithéid sin a fhaomhadh ach amháin gur léir gur é leas an phobail é agus gur léir nach mbeadh an t-eolas ar fáil gan íocaíocht dá leithéid a dhéanamh.

Ba chóir a bheith cúramach chun a chinntiú go gcosnaítear céannachtaí aon fhoinsí faoi rún agus nach mbíonn siad le feiceáil in aon nótaí a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar ordú cúirte.

## Cuid 11. Cothroime

### 11.1.1 Ceanglais an Achta Craolacháin 2009 maidir le cothroime

Éilíonn alt 39(1) den Acht Craolacháin 2009 oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i gcláir nuachta. Tá éileamh breise ar chothroime i gcúrsaí reatha (a shainmhínítear mar dhéileáil i gcráolacháin le nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí). Baineann sé sin le hábhar cúrsaí reatha agus ní le cláir chúrsaí reatha amháin.

### 11.1.2 Rialacha BAI maidir le Cothroime (Cód)

3. Pléifidh craoltóir go cothrom le rannpháirtithe i ábhar cúrsaí reatha nó leis na daoine nó na heagraíochtaí a ndéantar tagairt dóibh san ábhar sin.

4. Go hiondúil cuirfear agallaithe do chlár nó do mhíreanna nuachta agus cúrsaí reatha ar an eolas maidir leis an ábhar agus maidir le nádúr agus formáid a rannpháirtíochta, ionas go ndéanfaidh a gcomhaontú páirt a ghlacadh toiliú eolasach.

5. Go hiondúil ní chraolfaidh aon craoltóir aon agallamh nuachta nó cúrsaí reatha le haon duine gan toiliú an duine sin. I gcás go ndéanfar ábhar nuachta nó cúrsaí reatha a chraoladh gan toiliú ní mór don chraoladh sin a bheith inchosanta ó thaobh eagarthóireachta de. Ní mór do chraoltóir breithniú mar is cuí a thabhairt d'íarratais ar thoiliú a tharraingt siar, agus aird aige ar na prionsabail i dtaca le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht.

6. Ní mór cúram a ghlacadh i gcónaí nuair a chuirtear agallaimh le leanaí nó le daoine leochaileacha isteach i gcláir nuachta nó cúrsaí reatha. I ngach cás, ní mór gurb é an prionsabal sáraitheach atá i gceist aon chraoladh ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith éagothrom nó díobhálach dá leas a sheachaint. Go hiondúil, beidh toiliú ó thuismitheoir, caomhnóir nó ó ionadaí dlí faighte roimh ré sula gcráoltar aon agallamh le páiste atá faoi bhun 16 bliana d'aois, nó duine leochaileach, i gcás go bhfuil an t-ábhar íogair nó tromchúiseach nó i gcás go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé éagothrom gan an t-ábhar a chraoladh. Ní mór do chinneadh agallamh a chraoladh gan toiliú a bheith inchosanta ó thaobh leas an phobail de.

7. Sa chás go ndiúltaíonn duine nó eagraíocht rannpháirtíocht a bheith acu i ábhar nuachta nó cúrsaí reatha nó go roghnaíonn siad gan aon ráiteas a dhéanamh, cuirfidh an craoltóir é sin in iúl go soiléir agus tabharfaidh sé tuairisc ar bhealach réasúnach maidir le míniú an duine/na heagraíochta sin i dtaobh rannpháirtíocht a dhiúltú, i gcás go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé éagothrom gan é sin a dhéanamh.

8. Nuair a dhiúltaíonn duine nó eagraíocht rannpháirtíocht a bheith acu i mír nuachta nó cúrsaí reatha ní bheidh craoladh na míre sin neamhbhailí dá bharr. Tá freagracht ar an gcráoltóir, áfach, an fhad agus atá sé praiticiúil, tuairimí an pháirtí nach bhfuil i láthair a léiriú agus é sin a dhéanamh go cothrom.

9. Ní chuirfidh an próiseas eagarthóireachta comhthéacs nó brí an bhunagallaimh as riocht.

10. Cinnteoidh craoltóir nuair a bhaintear athúsáid as ábhar nuachta nó cúrsaí reatha, ábhar cartlainne san áireamh, nach gcruthaítear míchothroime nó nach mbíonn míchruinneas mar thoradh.

11. I gcás go ndéantar athchruthú ar ócáid nó go ndéantar athaisteoireacht ar ócáid ní mór é sin a chur in iúl go soiléir agus ba chóir go mbeadh sé barántúil maidir lena léiriú ar an ócáid/na hócáidí atá i gceist.

12. Ní bhainfear úsáid as taifeadadh nó scannánaíocht rúnda nó folaigh i gcláir cúrsaí reatha ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Ní mór barántas a bheith leis agus beidh nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag craoltóir chun taifid den chineál sin a údarú ag leibhéal sinsearach eagarthóireachta. Ní mór d'aon údarú den chineál sin a bheith i scríbhinn.

Is gnéithe riachtanacha iad na cúrsaí seo a leanas lena dheimhniú an bhfuil barántas le taifeadadh nó le scannánaíocht rúnda nó folaigh:

- Go bhfuil sé soiléir go bhfuil an mhír a bhfuil tuairisciú á déanamh uirthi ar leas an phobail agus go bhfuil fianaise ag an gcráoltóir go bhfuil ábhar ann ar chóir tuairisciú a dhéanamh air.
- Nach dócha go mbeidh an duine atá i gceist sásta comhoibriú a dhéanamh.
- Go bhfuil cúis lena chreidiúint go gcuirfear an tuairisciú ar an ábhar as riocht toisc nach féidir an ábhar a fháil go réasúnta ar aon bhealach eile.

13. Tá sé riachtanach go dtairgeofar an deis d'aon duine ar dearnadh scannánaíocht nó taifeadadh rúnda orthu rannpháirtíocht a bheith acu sa ábhar nuachta nó cúrsaí reatha ina mbeidh an t-ábhar a rinneadh scannánaíocht nó taifeadadh air mar chuid de más amhlaidh, i dtuairim an chraoltóra, go mbeadh sé éagórach gan an deis sin a thabhairt don duine sin.

14. Trína nádúr, d'fhéadfadh teagmháil dhíreach gan choinne réamhshocraithe (“sáinniú ar an tairseach”) le hagalláí cothroime a shárú. I gcúinsí cuí, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith inchosanta an gnáth-chleachtas maidir le socruithe le haghaidh agallaimh a dhéanamh go díreach leis an agalláí nó le hionadaí, agus fógra cuí a thabhairt, a chur i leataobh. D'fhéadfadh “sáinniú ar an tairseach”, a bheith oiriúnach sna cúinsí seo a leanas:

- Nuair atá sé soiléir le taispeáint go bhfuil sé ar leas an phobail tuairisciú a dhéanamh ar an mír atá i gceist;
- Nach dócha go mbeadh an t-agalláí atá i gceist sásta comhoibriú a dhéanamh dá ndéanfaí teagmháil leis/léi ar an ngnáthshlí, agus;
- Go bhfuil sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an duine/na daoine ar mhaithe le húdaracht agus inchreidteacht an lánais atá i gceist.

15. Beidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag craoltóirí le rannpháirtíocht trí na meáin shóisialta a láimhseáil.

16. Ba chóir go mbeadh aon ghealltanais a thugtar do rannpháirtí maidir le rúndacht nó le hanaithnideacht soiléir agus ba chóir go gcomhlíonfaí an gealltanais sin. Ba chóir go n-úsáidfí go cúramach aon teicnící closamhairc a mbainfear úsáid astu sa scannánaíocht agus san eagarthóireacht ionas go gcinnteofar go mbainfear amach rúndacht iomlán agus go gcomhlíonfar ina n-iomlán aon ghealltanais a tugadh.

### 11.1.3 Prionsabail BAI maidir le Cothroime

Caithfidh craoltóirí comhlíonadh a dhéanamh ar rialacha agus ar phrionsabail BAI. Tá rialacha BAI ar chothroime leagtha amach thíos:

**Cothroime:** Tá BAI tiomanta do chinntiú go bpléifear go cothrom agus go macánta le daoine aonair nó le heagraíochtaí atá mar ábhar ag ábhar nuachta agus cúrsaí reatha nó le daoine a bhfuil rannpháirtíocht acu i gclár nó i míreanna clár nuachta agus cúrsaí reatha, trí fheidhmiú an Chóid seo. Tá ionchas dlísteanaigh ag lucht féachana agus ag éisteoirí go léireoidh craoltóir cur chuige cóimheáite faoin tslí a gcuirtear nuacht agus cúrsaí reatha i láthair agus an chaoi ina ndéantar fiosrú ina dtaobh agus maidir leis an gcaoi ina bpléitear le rannpháirtithe. Ní chiallaíonn prionsabal na cothroime go bhfuil sé riachtanach go bpléifí gach uile tuairim a d'fhéadfadh a bheith i gceist i leith ábhair nó go bhfaigheadh gach tuairim an méid céanna ama ar an aer.

### 11.2 Caighdeán TG4 maidir le cothroime

Tá gá le déileáil chothrom agus ionraic le muinín lucht féachana, dhaoine a bhíonn rannpháirteach inár n-ábhar nó a ndéanann an t-ábhar a bhíonn againn difear go díreach dóibh a choinneáil. Caithfidh a bheith oscailte agus díreach inár gcuid déileálacha ó thaobh ár gcuid lucht féachana agus ár gcuid rannpháirtithe murar léir gurb é leas an phobail a mhalairt a dhéanamh nó go mbeadh orainn aird a thabhairt ar nithe tábhachtacha mar chúrsaí dlí, sábháilteacht nó rúndacht. Chomh maith le comhlíonadh a dhéanamh ar rialacháin agus prionsabail BAI maidir le cothroime comhlíonfaidh TG4 na caighdeáin seo a leanas:

- De ghnáth ba chóir go gcuirfí rannpháirtithe in ábhar de chuid TG4 ar an eolas maidir le nádúr ginearálta a rannpháirtíochta, agus ba chóir dóibh toiliú a thabhairt go mbeidh siad rannpháirteach. Caithfidh gur léir ó thaobh eagarthóireachta gur gá craoladh a dhéanamh ar aon ábhar nuachta nó cúrsaí reatha nach bhfuil toiliú ag dul leis. Tabharfaidh TG4 aird chuí ar iarratais tarraingt siar toilithe, ag féachaint do leas an phobail, an ceartas aiceanta agus do phrionsabail na cothroime, na hoibiachtúlacha agus na neamhchlaontachta. Ní gá go ngéillfí i ngach cás d'iarratas toiliú a tharraingt siar. Léiríonn Treoirínte BAI go bhféadfadh fíricí nua a theacht chun cinn i gcásanna áirithe agus go dtabharfadh sé sin bonn don iarratas ar tharraingt siar.

- Caithimid lenár rannpháirtithe agus rannpháirtithe ionchasacha le hurraim. Ní bhagraimid ar rannpháirtithe, ní uiríslimid iad ná ní iompraímid muid féin go hionsaitheach ina n-aghaidh chun a dtoiliú a fháil nó le linn a rannpháirtíochta in ár n-aschur.
- Cuirfear athruithe ar fhócas nó ar struchtúr an chláir nó na míre in iúl don rannpháirtí sa chás go measfaí go mbeadh sé míchóir nó claon mura ndéanfaí sin.
- Déanfar eagarthóireacht ar a rannchuidiú ar bhealach nach gcuirfidh as do chomhthéacs ná do bhrí an agallaimh bhunaidh
- I gcás go ndéantar líomhaintí faoi dhuine nó faoi eagraíocht, déanaimid iarrachtaí réasúnacha sna himthosca deis chóir a chur ar fáil chun go dtabharfaí freagra orthu.
- Tá sé d'aidhm againn eolas a chur síos dá fhoinse. I gcás go lorgaíonn foinse anaithnideacht, ní aontaímid gan cuspóir na foinse a dhiancheistiú ar dtús agus an fhéidearacht go bhféadfaí foinsí inchurtha malartacha a aithint.
- Ní mór seasamh le ráthuithe a thugtar maidir le coinníollacha rannpháirtíochta, úsáid ábhair, rúndacht nó anaithnideacht, ach amháin i gcásanna annamha a éilíonn gur é leas an phobail a mhalairt sin a dhéanamh. Feidhmeofar úsáid aon teicnící físe nó éisteachta bainteacha go cúramach i scannánaíocht agus in eagarthóireacht le rúndacht iomlán a chinntiú agus lena chinntiú go gcloítear go hiomlán le geallúintí a bhíonn déanta.

I gcás go ndiúltaíonn duine nó eagraíocht a bheith rannpháirteach nó go roghnaíonn siad gan ráiteas a thabhairt, ba chóir don chlár é seo a chur in iúl don lucht féachana agus tuairisc chruinn a thabhairt ar an bhfáth ar tugadh ar bhealach réasúnach i gcás go measfaí go raibh sé míchóir gan é sin a dhéanamh.

Níor chóir go gcuirfeadh diúltú duine nó eagraíocht a bheith rannpháirteach cosc ar chraoladh na míre. Ach ní mór dúinn iarracht a dhéanamh dearcadh an té nach bhfuil i láthair a léiriú go cóir sa mhéid a deirtear agus sa chaoi a ndeirtear é.

Nuair a dhéanaimid líomhaintí éagóra, urchóide nó neamhinniúlachta nó critic láidir dhíobhálach ar dhuine nó ar institiúid, is é an toimhde gur chóir deis réasúnach a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cáineadh déanta orthu freagairt do na líomhaintí.

Caithfidh a chinntiú go bhfuil taifead againn d'aon iarratas ar fhreagairt lena n-áirítear na dátaí, na hamanna, ainm an duine a ndearnadh teagmháil leis agus príomhghnéithe an mhalartaithe. Ba chóir dúinn de ghnáth, cur síos sách mionsonraithe a dhéanamh ar na líomhaintí chun freagairt eolasach a chumasú, agus sprioc-am cóir agus cuí a leagan síos faoin ar chóir freagairt a dhéanamh.

Ba chóir aon chuid den fhreagairt a bheadh bainteach leis na líomhaintí a craoladh a léiriú go cóir agus go cruinn agus ba chóir iad a chraoladh sa chlár céanna de ghnáth, nó a fhoilsiú ag an am céanna, leis an líomhain.

Glacfaidh TG4 céimeanna chomh fada agus is féidir lena chinntiú go mbainfidh cothroime le hathúsáid ábhair chartlainne.

## Oibleagáid Shainordaitheach 10

**Ní mór aon mholadh a bheadh ag brath ar fhoinse aonair gan ainm agus líomhain thromchúiseach á déanamh nó chun anaithnideacht a dheonadh do rannpháirtí suntasach a tharchur go dtí an tArdstiúrthóir**

Déanfaidh an tArdstiúrthóir agus an Rannóg Dlí an méid seo a leanas a mheas:

- cibé an bhfuil leas an phobail go suntasach ag baint leis an scéal
- an bhfuil creidiúnacht agus iontaofacht chruthaithe ag an bhfoinse agus é/í sa riocht ina mbeadh eolas leordhóthanach acu ar na himeachtaí atá i gceist agus cibé, más foinse aonair é seo, an bhfuil aon fhianaise chomhthacaíochta ann
- aon saincheisteanna dlí
- cúraimí sábháilteachta, mar shampla do sceithirí
- cibé ar lorgáidh freagairt do líomhaintí tromchúiseacha ó na daoine nó ó na heagraíochtaí lena mbaineann.
- saincheisteanna íogaireacha agus pearsanta
- cibé an ndearnadh nó ar tugadh bunús leis an líomhain thromchúiseach “i modh rúin”.

Agus tuairisc á tabhairt faoin líomhain, ní mór cúram a dhéanamh a mhíniú:

- nádúr na líomhaine
- go bhfuil an líomhain curtha síos go soiléir don fhoinse anaithnid agus ní do TG4 .
- a mhéid agus ab fhéidir an líomhain a fhírinniú.

## Oibleagáid Shainordaitheach 11

**Ní mór don Ardstiúrthóir faomhadh a thabhairt roimh ré d’aon mholadh chun ábhar a fuarthas trí chleas éalaithe a chraoladh nó a fhoilsiú nó gan dearbhú a tugadh maidir le coinníollacha rannpháirtíochta agus úsáid ábhair a urramú.**

### 11.3 Cothroime agus Cláir Bheo

Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ar leith ann i gcláir bheo, mar shampla seónna glao-isteach, na modhanna oibre agus na prótacail bheachta atá leagtha síos sna treoirlínte seo a leanúint. Ach baineann na caighdeáin chéanna le cláir dá leithéid. Caithfidh déantóirí clár seónna glao-isteach a ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht, mar aon le meas ar an bpríobháideachas, in uachtar i gcónaí.

I gcláir bheo a dhéileálann le saincheisteanna nuachta nó nuacht atá ag teacht isteach ba chóir gach iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leis na rannpháirtithe ionchasacha iomchuí a luaithe agus is féidir. Ba chóir go gcuirfí san áireamh go bhféadfadh go mbeadh an fógra róghearr lena chur ar chumas rannpháirtithe eolas a ndóthain a bheith acu nó cinní a bheith déanta faoina bhfreagairtí. D’fhéadfadh gur chóir an lucht féachana a chur ar an eolas go raibh fógra neamhleor tugtha do pháirtithe leasmhara sa chás go bhféadfaí a bheith ag súil le rannpháirtíocht i gclár.

## Cuid 12. Príobháideachas

### 12.1 Ceanglais an Achta Craolacháin 2009

Rialaíonn cur chuige TG4 i leith leas an phobail ár gcur chuige i leith príobháideachais. Ceanglaítear orainn freisin le hAlt 39 den Acht Craolacháin 2009 nach ndéanfar “cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair” i ndéanamh clár.

Baineann ionchas dlisteanach príobháideachais duine aonair le láthair agus le nádúr an eolais, agus a mhéid a bhfuil eolas faoi dhuine aonair os comhair an phobail cheana.

Is léir gur mó ionchas dhlisteanach a bhaineann le príobháideachais daoine ina dtithe féin ná in ionaid íogaireacha eile mar ospidéal nó ionad leighis, ná nuair a bhíonn siad ar láithreacha poiblí nó leathphoiblí. Féadfaidh tuairisciú nó iarracht tuairiscithe ar chóireáil leighis nó riochtaí (lena n-áirítear síciatracha) cur isteach ar phríobháideachas mar an gcéanna le tuairisciú ar iarrachtaí féinmharaithe.

Ní mór breathnú freisin ar cén áit ar féidir le daoine bheith ag súil le príobháideachas atá réasúnach, fiú i spás poiblí nó leathphoiblí, go háirithe nuair atá an ghníomhaíocht nó an t-eolas atá á nochtadh príobháideach ó nádúr nó go bhféadfaí a chraoladh nó a fhoilsiú a bhreithniú mar chur isteach gan ghá, mar shampla tar éis timpiste gluaisteáin.

D’fhéadfadh go mbeadh ócáidí ann freisin nuair a bhíonn duine ar láthair nach mbíonn oscailte don phobal de ghnáth, i mbun gníomhaíochta áit a bhfuil ionchas íseal príobháideachais acu, mar shampla reic díolacháin nó cur ar fáil eolais poiblí.

Níl aon riail shimplí ann is féidir a fheidhmiú i ngach cás.

Ach is lú an t-ionchas ar phríobháideachas sa chás ina bhfuil iompar duine aonair coiriúil nó frithshóisialta i ndáiríre.

### 12.2 Caighdeán TG4 maidir le príobháideachas

- Ní bhrúfaidh TG4 isteach i saol príobháideach duine gan toiliú murar léir gur gá sin ar mhaithe le leas an phobail
- Ní mór méid an bhrú isteach a theorannú dá bhfuil comhréireach sna himthosca
- Ní mór dúinn a bheith ábalta a mhíniú cén fáth a bhfuil sárú ar phríobháideachas cóir ón tús, mar aon leis an méid a chraoltar nó a scaiptear.

Ní dhéanaimid eolas a fhoilsiú de ghnáth, a nochtann láthair chruinn tí nó teaghlaigh duine gan a dtailiú, murar léir gur gá sin ar mhaithe leis an eagarthóireacht.

Oibrímid go hoscailte de ghnáth. Agus scannánaíocht á déanamh in áiteanna poiblí agus leathphoiblí, ní gnách linn toiliú sainráite a fháil ó dhaoine aonair a thógtar ar scannán de thaisme mar chuid de radharc ginearálta, mura mbíonn siad ag gabháil do ghníomhaíocht áit a bhfuil ionchas dlisteanach le príobháideachas acu nach mó ná leas an phobail ina léiriú. I gcás nach mbeadh sé ríshoiléir b’fhéidir go bhfuil taifeadadh á dhéanamh againn chun a chraolta, déanaimid iarracht comharthaí iomchuí nó leidí eile a sholáthar agus nuair is indéanta lorgáimid toiliú na ndaoine a ndéanaimid taifeadadh orthu.



Ach má iarrann duine nó eagraíocht orainn éirí as an scannánaíocht nó an taifeadadh (bíodh sé beo nó taifeadta) toisc imní faoi phríobháideacht, ba chóir dúinn déanamh amhlaidh de ghnáth, murar léir gur gá sin a dhéanamh ar mhaithe leis an eagarthóireacht.

Más rud é go mbíonn daoine gortaithe nó maraithe, nó go bhfuil siad ar iarraidh, tá sé tábhachtach, chomh fada agus is indéanta le réasún, nach bhfaigheann teaghlaigh nó neasghaolta é seo amach ó aschur TG4. De ghnáth fanaimid ar dhearbhu ón údarás iomchuí go bhfuil siad curtha ar an eolas.

Teastaíonn íogaireacht i dtuairisciú féinmharaithe agus féindíobhála ó thaobh na ndaoine a bhfuil baint lárnach acu leis agus toisc go bhféadfadh go gceapfaí go raibh gníomhartha dá leithéid indéanta nó iomchuí fiú don té atá leochaileach. Cuireann na Samaratánaigh comhairle ar fáil faoi thuairisciú féinmharaithe ar a láithreán gréasáin. ([www.samaritans.org/media-centre/media-guidelines/reporting-suicide-tips-journalists](http://www.samaritans.org/media-centre/media-guidelines/reporting-suicide-tips-journalists))

### 12.3 Taifeadadh faoi choim

Meastar gur taifeadadh faoi choim na teicnící seo a leanas:

- úsáid cheamaraí nó micreafóin ceilte
- úsáid ghinearálta trealaimh fuaime agus físe lena n-áirítear lionsaí fada, físcheamaraí beaga, ceamaraí fóin phóca, ceamaraí gréasáin agus micreafóin raidió, tráth nach eol do dhaoine go bhfuil siad á dtaifeadadh le haghaidh craolta
- úsáid d'aonturas trealaimh fuaime agus físe lena n-áirítear lionsaí fada, físcheamaraí beaga, ceamaraí fóin phóca, ceamaraí gréasáin agus micreafóin raidió, chun an trealamh a cheilt ar dhaoine aonair sonraithe nó a thabhairt le fios go raibh taifeadadh á dhéanamh chun críocha eile seachas craoladh, mar shampla físeán saoire
- glaonna gutháin chun a gcraolta gan a chur in iúl do na rannpháirtithe eile ar an nglao gutháin go bhfuil sé á thaifeadadh.
- leanúint in aon turas le taifeadadh nuair a cheapann an páirtí eile go bhfuil sé tagtha chun críche, nó é a thosú sula gceapann an páirtí eile go bhfuil sé tosaithe.

De ghnáth, is chun na críocha seo a leanas amháin a bhainfidh TG4 úsáid as taifeadadh faoi choim:

- mar uirlis imscrúdaithe sa chás go bhfuil fianaise prima facie shoiléir ann d'iompar, nó rún iompar a dhéanamh arbh é leas an phobail é a nochtadh, agus go bhfuil an taifeadadh riachtanach chun an t-iompar a chruthú, agus nach bhfuil aon bhealach malartach inmharthana ann leis an bhfianaise a chruinniú a chruthaíonn an t-iompar.
- Mar mhodh taighde sóisialta, eolaíoch nó tomhaltóra ar mhaithe le leas an phobail, i gcás nach bhféadfadh aon mhodh eile na dearcthaí nó an t-iompar i gceist a ghabháil go nádúrtha.

Ní cóir **gairis taifeadta faoi choim**, mífhaisnéis nó cineálacha eile cleas éalaithe a úsáid chun eolas, fuaim, pictiúir ná comhaontú a bheith rannpháirteach a fháil nó a lorg ach amháin nuair is léir gur gá sin ar mhaithe le leas an phobail, agus sa chás nach féidir an t-ábhar a fháil le réasún ar bhealach ar bith eile; nó nuair a fhaightear toiliú an duine atá i gceist; nó nuair a dhéantar doiléire go héifeachtach ar chéannachtaí.

Forálann Cód BAI gur gnéithe riachtanacha iad na nithe seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil gá le taifeadadh rúnda nó neamhnochtaithe:

- Is léir gurb ar leas an phobail an mhír atáthar a chlúdach agus tá fianaise ag an gcraoltóir faoi ábhar ba chóir a chlúdach;
- Ní dóigh go mbeidh comhoibriú ón duine atá i gceist ar fáil;
- Tá fianaise ann a chreidiúint go gcuirfear as do chlúdach an ábhair mar nach féidir an t-ábhar a fháil go réasúnach ar shlí eile.

Forálann Cód BAI freisin go dtabharfar an deis d'aon duine a dhéantar a thaifeadadh nó a scannánú faoi choim rannpháirtíocht a bheith aige san ábhar nuachta nó chúrsaí reatha ina n-áireofar an t-ábhar más rud é go mbeadh sé míchothrom don duine atá i gceist i dtuairim an chraoltóra gan an deis sin a thabhairt dó.

### **Oibleagáid Shainordaitheach 12**

**Ní bhainfear leas as taifeadadh nó scannánú faoi choim in ábhar cúrsaí reatha ach amháin in imthosca eisceachtúla.**

**Ní mór fianaise prima facie a bheith ann den iompar atá le nochtadh (nó rún dul i mbun an iompair sin) sula n-úsáidtear taifeadadh faoi choim mar uirlis imscrúdaithe.**

**Ní mór don Ardstiúrthóir aon togra chun taifeadadh faoi choim a úsáid i léiriú ábhair choimisiúnaithe, léirithe nó comhléirithe de chuid TG4, a mheas, lena n-áirítear aon imní sábháilteachta nó slándála. Ní mór taifead a choinneáil i scríbhinn den chinneadh an t-iarraitais ar thaifeadadh faoi choim a fhaomhadh nó gan é a fhaomhadh.**

**Ní mór don Ardstiúrthóir an faomhadh deiridh a thabhairt d'úsáid ábhar dá leithéid sa chlár roimh chraoladh.**

## Cuid 13. Sáinniú ar an Tairseach i Nuacht, i gCúrsaí Reatha agus i gCláir Fhíorasacha

### 13.1 Sainmhíniú ar sháinniú ar an tairseach

Is éard atá i gceist le sáinniú ar an tairseach agallamh a thaifeadadh nó iarracht a dhéanamh agallamh a thaifeadadh le duine éigin chun a chraolta, nó fógairt go bhfuil glao gutháin á thaifeadadh le craoladh nuair nach bhfuil coinne ag an duine go bhfuil agallamh á chur air chun a chraolta toisc nach bhfuil socrú déanta againn leo é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh sárú ionchasach ar phríobháideachas i gceist agus ba chóir de ghnáth é a bheith ar an rogha deiridh. Níor chóir é a úsáid ar mhaithe le tionchar drámatúil.

Is féidir sáinniú ar an tairseach a dhéanamh go pearsanta nó ar an bhfón nó ar an idirchum, &rl. D'fhéadfadh sé tarlú ar réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach. Ní áirítear vox pops i sáinniú ar an tairseach.

Níl sé i gceist leis na tarchuir ar sháinniú ar an tairseach anseo a leanas, cosc a chur le cruinniú dlisteanach ábhair laistigh de ghnáthchlár oibre nuachta, mar agallaimh a chur ar pholaiteoirí agus iad ag fágáil tar éis cruinnithe nó trí choinne a dhéanamh roimh ré.

### 13.2 Sáinniú ar an Tairseach agus Teagmháil Roimh Ré

#### Oibleagáid Shainordaitheach 13

**Ní mór faomhadh roimh ré a fháil ón bpearsa eagarthóireachta sinsearach iomchuí arna ainmniú ag an Stiúrtóir Coimisiúnaithe iomchuí d'aon mholadh chun sáinniú ar an tairseach a dhéanamh i gclár atá léirithe nó coimisiúnaithe ag TG4 , cibé go pearsanta nó ar an bhfón, sa chás go ndearnamar iarracht gan toradh coinne a dhéanamh le haghaidh agallaimh leis an duine aonair nó leis an eagraíocht lena mbaineann.**

Ní thabharfar faomhadh de ghnáth ach sa chás go mbíonn fianaise ar choireacht, ar éagóir shuntasach nó má bhaineann an t-ábhar le leas suntasach an phobail agus má bhaineann ceann amháin ar a laghad de na fáthanna seo a leanas leis:

- theip ar phearsa an tsáinnithe ar an tairseach freagairt d'iarratais ar agallamh maidir leis an éagóir líomhnaithe
- diúltaíodh d'iarratas ar agallamh gan fáth maith a bheith leis agus seachnaíodh freagra a thabhairt ar líomhaintí substaintiúla éagóra
- stair fhada gan freagairt d'iarratais ar agallaimh nó diúltú go gcuirfí agallamh air.

Ba chóir go mbeadh sáinniú tráthúil agus comhréireach d'aon éagóir. Ba chóir a bheith cúramach faoi shábháilteacht na foirne léiriúcháin agus an chontúirt go sárófaí cearta tríú páirtithe nach mbeadh ciontach in aon éagóir, daoine eile den teaghlach nó fostaithe sóisearacha.

### 13.3 Sáinniú ar an Tairseach gan aon Teagmháil Roimh Ré

#### Oibleagáid Shainordaitheach 14

**Ní mór don Stiúrthóir Coimisiúnaithe iomchuí faomhadh i scríbhinn a thabhairt d'aon mholadh chun duine aonair nó eagraíocht a sháinniú ar an tairseach, cibé go pearsanta nó ar an bhfón, i gcás nach ndearnamar iarracht roimhe seo coinne a dhéanamh le haghaidh agallaimh.**

De ghnáth ní thabharfar faomhadh ach amháin:

- má bhíonn fianaise shoiléir ar éagóir shuntasach, agus
- mura raibh sé indéanta agallamh a lorg, nó
- má tá fáth maith lena cheapadh go gcuirfear an t-imscrúdú ó rath nó go seachnófar líomhaintí (mar shampla toisc go n-imeodh na daoine faoi imscrúdú ó theagmháil) má dhéantar teagmháil roimh ré.

Ní mór tráthúlacht agus iarmhairtí sháinniú ar an tairseach dá leithéid a bhreithniú. Ní foláir go mbeidh sé indéanta i gcónaí aon eolas nua nó idirghabháil dhlíthiúil a mheas agus a luacháil roimh tharchur.

Deir Cód BAI go bhféadfadh sáinniú ar an tairseach a bheith cuí in imthosca a

- Gur léir gurb é leas an phobail an mhír atá i gceist
- Gur dóigh nach gcomhoibredh an t-agallamhaí dá rachfaí chuige nó chuici ar an ngnáthbhealach agus;
- Go bhfuil gá dul chuig an duine le fíorú a dhéanamh ar an ábhar a bhíonn i gceist agus le creidiúint a thabhairt dó.

## **Cuid 14. Tuairisciú ar Léigir, ar Fhuadaigh agus ar Thógáil Giall**

Ní mór dúinn a bheith faichilleach go háirithe faoin tionchar a d'fhéadfadh ár dtuairisceoireacht a imirt ar léigir, ar fhuadaigh, ar thógáil giall etc. D'fhéadfadh go mbeadh rochtain ag daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na heachtraí seo ar ár dtuairisceoireacht agus go mbeadh lámh ainbhiosach ag tuairisciú TG4 ina dtiteann amach.

### **Oibleagáid Shainordaitheach 15**

**Ní chraolaimid agallaimh bheo le coirpigh aitheanta agus teastaíonn cead ón Ardstiúrthóir sula n-úsáidtear ábhar réamhthairfeadta a rinne déantóirí coire nó a rinneadh leo.**

Tá comhoibriú agus cumarsáid idir na cláir go léir a dhéanann tuairisciú agus imchaint ar eachtraí dá leithéid riachtanach chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú, agus dianchloí le pé cinntí comhchoitinn a rinneadh faoi chineál tuairiscithe TG4.

### **Oibleagáid Shainordaitheach 16**

**Tá an phríomhfhreagracht ar ócáidí mar seo ar an Rannóg Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus ní mór an tuairisceoireacht ar fad, is cuma cén fhoinsé atá aici (craolachán nó ar líne) a chomhaontú le Deasc na Nuachta.**

Cloímid de ghnáth le comhairle ón nGarda Síochána maidir le gan eolas a nochtadh a d'fhéadfadh dul chun tairbhe dóibh siúd a bhfuil lámh acu sna heachtraí nó cur isteach ar láimhseáil na n-eachtraí ag na fórsaí slándála.

### **Oibleagáid Shainordaitheach 17**

**Nuair a iarrann an Garda Síochána go gcoimeádfaí siar eolas, bíonn iriseoir TG4 freagrach as a b(h)ainisteoir eagarthóireachta líne agus aon chomhpháirtí eile atá ag tuairisciú na n-eachtraí a chur ar an eolas. Caithfear an t-eolas a scaipeadh trí gach réimse iomchuí in TG4 chomh luath agus is féidir.**

**D'fhéadfadh riachtanas a bheith ann ar ócáidí áirithe, áfach, smaoiniamh ar eolas a phoibliú ar iarr an Garda Síochána é a choinneáil siar. Ní féidir cinneadh mar sin a dhéanamh ach le faomhadh an Ardstiúrthóra.**

## Cuid 15. Leanaí agus daoine leochaileacha

### 15.1 Prionsabail Ghinearálta maidir le déileáil le leanaí agus le daoine leochaileacha

Is go heisceachtúil a bhíonn leanaí agus daoine leochaileacha san áireamh i gcláir Nuachta agus Chúrsaí Reatha TG4. Ach nuair a bhíonn leanaí nó daoine leochaileacha san áireamh áfach, déanaimid breithniú cúramach ar thionchar rannpháirtíochta i gclár nó i mír nuachta orthu (leanbh = duine faoi bhun 18 bliain d’aois de ghnáth). Forálann Cód BAI gurb é an prionsabal sáraitheach seachaint a dhéanamh ar chraoladh ábhair a d’fhéadfadh a bheidh míchothrom nó dochrach dá gcuid leasanna. Is minic go mbíonn fonn ar leanaí cuidiú le déantóirí clár ach go mbíonn easpa breithiúnais orthu faoina leasanna fadtéarmacha nó láithreacha féin. D’fhéadfadh go dteastódh toiliú duine fhreagraigh mar chúramóir gairmiúil nó comhairleoir ó aosáigh leochaileacha freisin. Ba chóir toiliú an linbh féin a lorg i gcónaí faoi agallamh a dhéanamh mar aon le toiliú duine fhreagraigh (tuismitheoir nó caomhnóir).

Is gá cúram le hagallamh a chur ar leanaí. Níor chóir de ghnáth ceisteanna a chur ar leanaí le dearchtaí faoi chúrsaí teaghlaigh príobháideacha a fháil, nó cúrsaí ar dóigh iad a bheith thar a gcumas breithiúnais, nó cúrsaí níos oiriúnaí do phlé i measc aosach.

Ba chóir ábhar an agallaimh agus an comhthéacs a mhíniú go soiléir don leanbh i dteanga agus i dtéarma ar féidir leo a thuiscint. Ba chóir glacadh i gcónaí leis má dhiúltaíonn leanbh a bheith páirteach. Braitheann cumas an linbh toiliú ar staid na forbartha agus ar an méid tuisceana a léiríonn an leanbh, chomh maith le haois an linbh.

### 15.2 Toiliú agus leanaí agus daoine leochaileacha

Ba chóir **toiliú** a fháil de ghnáth ón leanbh agus ó dhuine freagrach (tuismitheoirí, caomhnóir agus mar sin de) araon.

Tá sé inmhianta toiliú an dá thuismitheoir a fháil agus agallamh á chur ar leanaí. I gcás ina bhfuil tuismitheoirí agalláí scartha agus nach féidir toiliú a fháil ón dá thuismitheoir ba chóir breithniú cúramach a dhéanamh roimh dhul ar aghaidh. Níor chóir aon mhealladh airgeadais a thairiscint do thuismitheoirí ná do chaomhnóirí le tabhairt orthu a dtoiliú a thabhairt, cé go bhfuil íocaíocht dhlísteanaigh costas inghlactha.

#### Oibleagáid Shainordaitheach 18

**I gcás gur diúltaíodh toiliú tuismitheoirí, nó nach féidir é a fháil, ní mór toiliú an Ard-Stiúrthóra sula ndéantar aon chinneadh chun dul ar aghaidh.**

Ní léir gur gá craoladh gan toiliú a dhéanamh de ghnáth ach amháin nuair a bhíonn tábhacht phoiblí leordhóthanach ag an mír agus go bhfuil láithreach an linbh go hiomlán riachtanach. Éilíonn Cód BAI nach ndéanfaí craoladh gan toiliú ach amháin i gcás gur léir gur gá sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

Téimid i gcomhairle nuair is cuí le saineolaithe agus le gairmithe agus sinn ag déileáil le leanaí agus le daoine leochaileacha agus ábhair íogaireacha agus d’fhéadfadh go gcuirfimis córais tacaíochta i bhfeidhm lena gcosaint roimh, le linn agus tar éis phróisis an chláir.

## Oibleagáid Shainordaitheach 19

**Nuair a thagaimid ar chúinsí ina gcreidimid go bhfuil leas an linbh á chur i mbaol ag daoine eile, tugtar tosaíocht do leasanna agus do shábháilteacht an linbh. Ba chóir do dhéantóirí clár, i gcomhairle leis an Ardstiúrthóir cíoradh a dhéanamh faoin gcaoi is fearr lena bhfuil faighte amach acu a thuairisciú don údarás iomchuí.**

Agus taifeadadh á dhéanamh i scoileanna teastaíonn toiliú an phríomhoide. Glactar leis go gcuirfidh údaráis na scoile in iúl do thuismitheoirí na leanaí go bhfuil tuairisc nó clár á dhéanamh agus go bhfuil faomhadh thuismitheoirí lorgtha agus faighte ach ba chóir d'fhoireann an chlár é seo a fhíorú.

### 15.3 Tuairisciú ar leanaí agus ar ghníomhaíocht mhídhleathach nó fhrithshóisialta

Dá thromchúisí agus dá chonspóidí é an t-ábhar is ea is mó cúraim is gá a ghlacadh. Nuair a bhíonn leanaí bainteach le gníomhaíocht mhídhleathach nó fhrithshóisialta i gceist i gclár fhíorasacha nó i dtuairiscí nuachta, d'fhéadfaí aitheantas saincheistean deacra eitice nó dlí a ardú. D'fhéadfadh go mbeadh suim ag an bpobal na leanaí seo a aithint, ach ina dhiaidh sin b'fhéidir gurbh fhearr a d'fheilfeadh anaithnideacht do leasanna fadtéarmacha an linbh. Níor leor toiliú tuistí mar chúis leordhóthanach leanbh a aithint, más fearr a d'fhreastalódh anaithnideacht ar thodhchaí fhadtéarmach an linbh.

Ba chóir do dhéantóirí clár cúrsaí dá leithéid a tharchur go dtí an tArdstiúrthóir.

Agus taifeadadh á dhéanamh ar chleachtais choiriúla agus fhrithshóisialta a dhéanann leanaí, é mar sprioc béim a chur ar an gcleachtas agus ní ar dhaoine aonair, is í an riail ghinearálta nach n-ainmneofar leanaí aonair.

## Oibleagáid Shainordaitheach 20

**Mar riail dhaingean, níor chóir do TG4 ainm, seoladh, ainm na scoile, pictiúr, ná aon eolas eile a fhoilsiú in aon chlár nó i bhfeasachán nuachta, go bhféadfadh gurb é an toradh a bheadh air go n-aithneofaí aon leanbh nó duine óg (faoi bhun 18 bliain) a bhí ag freastal ar chúirt i gcás coiriúil cuma an bhfuil coir curtha i leith an linbh, ar finn é sa chás nó ar íospartach coireachta é, nó an bhfuil baint aige le cás bainteach le dlí teaghlaigh, ach amháin i gcás ina ndearna breitheamh iarratas ar na meáin déanamh amhlaidh.**

## **Cuid 16. Cuntasacht**

### **16.1.1 Cuntasacht ghinearálta**

Mar chraoltóir seirbhíse poiblí, a fhaigheann maoiniú poiblí, tá TG4 cuntasach as an rud a dhéanaimid agus as an gcaoi a ndéanaimid é, an chaoi a gcaithimid ár n-ioncam san áireamh. Nuair a iarrtar orainn é caithfimid a bheith réidh ár gcinntí agus ár dtosaíochtaí eagarthóireachta a mhíniú agus a léiriú cén fáth gur déanadh nithe mar a déanadh iad. Tá TG4 tiomanta d'fhreagairt fhiúntach a thabhairt ar gach gearán a fhaighimid faoi chaighdeán clár agus faoi ghnéithe eile dár n-aschur. Tá d'oibleagáid ar gach déantóir clár a bheith rannpháirteach sa phróiseas seo.

### **16.1.2 Prionsabal BAI maidir le Follasacht agus Freagracht**

Deir Cód BAI go mbaineann prionsabal na follasachta agus na freagrachta lena chinntiú i gcás na gcleachtas agus na nósanna imeachta a ghlacann craoltóirí i dtaobh cúrsaí nuachta agus cúrsaí reatha a fhoinsiú, a thiomsú, a léiriú agus a chur i láthair go mbeidh siad feiceálach, oscailte lena n-iniúchadh, láidir agus go mbeidh rochtain orthu. Baineann sin go háirithe i gcás go mbeidh iarmhairt ar phríobháideachas dhuine aonair ag cinneadh craoladh a dhéanamh.

## **16.2 Déileáil le Gearáin**

Feidhmíonn TG4 faoi réir agus de réir Chód BAI maidir le déileáil le gearáin. Tá a Chód Cleachtas maidir le Déileáil le Gearáin agus atá bunaithe ar theimpléad molta BAI i bhfeidhm ag TG4.

Ta d'oibleagáid ar gach déantóir clár glacadh go dáiríre le gearáin agus iad a thuairisciú láithreach chuig an Leascheannasaí a dhéileáilann le gach gearán de chuid TG4.

Tuairisceoidh foirne léiriúcháin gach gearán suntasach a dhéantar faoi aschur nuachta agus chúrsaí reatha TG4 chuig an Leascheannasaí agus chuig an Rannóg Dí sula ndéanfar aon fhreagairt orthu.

Aithneoidh an Leascheannasaí aon ghearán a chaithfear a thabhairt ar aird na Meithle Eagarthóireachta. Sa chás gur gá don Mheitheal measúnú a dhéanamh ar ghearán cinnteoidh an fhoireann léiriúcháin go gcuirfear gach eolas cuí ar fáil don Mheitheal go díreach lena chur ar a cumas measúnú iomlán a dhéanamh go ceart ar an ngearán.

Sa chás go gcinneann an Mheitheal nár chóir do TG4 an gearán a chosaint leagfar amach an cinneadh sin agus an réasúnaíocht laistiar di don Stiúrthóir Coimisiúnaithe.



## 16.3 Ceartúcháin, Soiléiriú agus Leithscéalta a chraoladh

Is cuma cé chomh cúramach a bhítear ag ullmhú clár, beidh ócáidí ann i gcónaí nuair is gá athchuart a thabhairt ar ábhar a craoladh a shoiléiriú nó a cheartú. Is fearr i gcónaí freagairt go tapa agus ar ár gconlán féin chun dearmaid a cheartú go hoscailte ná déileáil le gearán ina dhiaidh sin.

Má thaispeántar do TG4 go bhfuil dearmad ann agus má mheastar gur dearmad sách mionchúiseach é, ní dhéanfar tagairt ar an aer dó. Ach caithfear gach iarracht a dhéanamh gan an earráid a dhéanamh athuair.

Má tá earráid níos substaintiúla i gceist agus má chinneann foireann an chlár gur gá an taifead poiblí a leasú, déanfar soiléiriú ar an gceist ar an aer sa chlár nó sa tseirbhís atá freagrach as craoladh an eolais mhíchruinn chomh luath agus is féidir.

Má lorgaíonn treaspháirtí an soiléiriú agus má tá seans go leanfadh aon rud as a tharraingeodh amhras ar cháil TG4, ní mór aon soiléiriú molta a chur i bhfoirm scríbhinne agus a bheith ceadaithe ag an Ardstiúrthóir roimh chraoladh.

### Oibleagáid Shainordaitheach 21

**Soiléirithe:** Más féidir go n-eascróidh aon cheist dhlíthiúil as an gclár bunaidh nó as an soiléiriú, ba chóir do dhéantóirí clár dul i gcomhairle, ar an gcéad dul síos, leis an Stiúrthóir Coimisiúnaithe. Lorgaítear comhairle dhlíthiúil sula ndéantar aon aontú chun craolta. Má chinntear ar shoiléiriú a chraoladh ní mór é a chur i bhfoirm scríbhinne roimh ré agus é a fhaomhadh ag an Ardstiúrthóir. Má tá an scéal tromchúiseach go leor chuige, ba cheart an soiléiriú a thaifeadadh agus gan é a chraoladh beo.

### Oibleagáid Shainordaitheach 22

**Leithscéalta:** Más cineál don chraoladh bunaidh gur gá leithscéal foirmiúil, caithfear an ráiteas agus an craoladh a fhaomhadh ag an Ardstiúrthóir, caithfear comhairle dhlíthiúil a lorg agus caithfear an leithscéal a bheith taifeadta roimh an gcraoladh, ag an Roinn Láithreachais de ghnáth. Ní mór sa chraoladh tuin chainte agus cineál gutha an duine a léann an soiléiriú nó an leithscéal a chur san áireamh.

## 16.4 Cuntasacht do BAI

Tá TG4 cuntasach go poiblí do BAI agus **ceanglaítear** air a Chód ar Chothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i Nuacht agus i gCúrsaí Reatha (atá léirithe sna Treoirínte Iriseoireachta seo) a chomhlíonadh agus urraim a thabhairt dá scéim Ceart Freagartha. Comhoibrímid go hoscailte agus go macánta leis an Údarás agus cloímid lena chinntí.

## **Cuid 17. Dliteanais Dhlíthiúla agus an Caidreamh leis an Rannóg Dlí**

Tá tionchar níos mó agus níos mó ag an dlí ar scaipeadh gach cineál ábhair. Tá baol bunúsach ann go ndéanfaí éileamh sna cúirteanna sibhialta ach go háirithe i gcás nuachta, chúrsaí reatha agus chlár den chineál fíorasach ar chúiteamh agus ar réitigh mar orduithe ceartúcháin. Tá baol freisin go dtarlódh dliteanais choiriúla a d'fhéadfadh a eascairt in aon díspeagadh cúirte nó sárú srianta tuairiscithe reachtúla sonraíthe a bhféadfadh gabháil le cás agus dul i bhfeidhm ar a thuairisciú.

Dhéanfaidh neamhaird ar na rioscaí bunúsacha seo agus gan déileáil leo an-damáiste ionchasach a chruthú, agus d'fhéadfaí TG4 agus/nó na déantóirí clár aonair a nochtadh do dhilteanas coiriúlachta agus sibhialta araon.

### **Oibleagáid Shainordaitheach 23**

**Ní mór d'eagarthóirí, d'iriseoirí agus do dhéantóirí clár fíorasach comhairle a lorg ón Rannóg Choimisiúnaithe an nóiméad is luaithe sa chás go mbíonn fadhbanna dlíthiúla ann nó nuair a mheastar iad a bheith ann.**

Tá An Rannóg Dlí ar fáil le comhairle a thabhairt agus le cuidiú le déantóirí clár nuair a eascraíonn fadhbanna nó ceisteanna ar dtús. Tá comhthéacs thar a bheith tábhachtach. Dá chruinne agus dá mhionsonraithe an t-eolas is féidir le déantóirí clár a chur ar fáil is ea is fearr. Cuirfidh sé seo le cumas na ndlíodóirí comhairle úsáideach a sholáthar i leith foilsithe nó craolta.

Caithfidh Cuideachtaí Léirithe Neamhspleácha a nEagarthóir Coimisiúnaithe a chur ar an eolas nuair a bhíonn saincheist dlí ann.

### **Oibleagáid 23A**

**Caithfidh comhairleoirí dlí na cuideachta léiriúcháin neamhspleáiche athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar gach clár cúrsaí reatha nó conspóideach le linn léirithe agus sula seachadfar na gearrthaí agus na buntéipeanna chuig TG4.**

D'fhéadfadh go n-éileodh TG4 árachas e&o ar chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ar bhonn ceann ar cheann.

#### **Oibleagáid Shainordaitheach 24**

**Ní mór aon chumarsáid ó dhlíodóirí ag feidhmiú thar ceann rannpháirtithe nó thar ceann na ndaoine ar ábhair chláir iad a chur ar aghaidh chuig An Rannóg Dlí agus an tArdstiúrthóir lena mbreithniú agus le comhairle a fháil. Ní mór don Rannóg Dlí déileáil le haon chumarsáid i scríbhinn ó uiríolla dlí aon duine nó comhlachta a raibh sé beartaithe go mbeidís sa chlár (i gcomhairle leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí).**

Teastaíonn dóthain ama ón Rannóg Dlí le breithniú a dhéanamh ar chlár ina chruth garbhghearrtha.

Ní mór fógra a thabhairt faoi chláir chomh luath agus is féidir má bhíonn comhairle dlí ag teastáil agus ba chóir garbhghearradh agus dréachscript (ag dul leis) agus (an méid eolais agus is féidir) a chur ar fáil don Rannóg Dlí chomh luath agus is féidir.

#### **Oibleagáid Shainordaitheach 25**

**Ní mór aon mholadh chun dul ar aghaidh le clár nó le tuairisc d'ainneoin comhairle dlí faoi bhaol tromchúiseach nó suntasach a tharchur le ceadú a fháil ón Ardstiúrthóir.  
Cuirfidh an Rannóg Dlí measúnú riosca scríofa ar fáil don Ardstiúrthóir arna iarraidh sin.**

D'fhéadfadh go mbeadh ócáidí ann freisin nuair a d'ardódh soláthar de chlúdach a bheadh cóir, neamhchlaonta agus cruinn ar mhaithe le leas an phobail, saincheisteanna coinbhleachta ionchasaí leis an dlí. Nuair a eascraíonn cásanna dá leithéid caithfimid an méid seo a leanas a mheas:

- tionchar an dlí
- cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh an dlí ar TG4
- cén tionchar a bheadh aige ar na daoine lena mbaineann

#### **Oibleagáid Shainordaitheach 26**

**Ní mór aon mholadh a bhféadfadh sárú ionchasach an dlí ar mhaithe le leas an phobail a bheith bainteach leis a tharchur chuig an Ardstiúrthóir agus rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Rannóg Dlí.**

Tá nótaí comhairle dlí ginearálta ar Chosaint Chlú/ an Dlí um Chlúmhilleadh, Díspeagadh Cúirte, Srianata Reachtúla bainteach le Tuairisciú agus le Dlí an Phríobháideachais ar fáil d'fhoireann TG4 ar bhonn rialta.

## **Aguisín 1.**

### **TG4 agus Clúdach Polaitíochta**

#### **Ról TG4 de bhun an Achta Craolacháin 2009**

Is craoltóir seirbhíse poiblí é TG4 agus feidhmíonn sé faoi reachtaíocht le cistí poiblí. Soláthraíonn sé spás suntasach do dhíospóireacht phoiblí agus bítear ag súil mar sin go mbeidh sé éagsúil ó na meáin eile. Ba chóir go mbeadh an pobal féachana ábalta gach taobh den díospóireacht a fheiceáil agus a chloisteáil. Ba chóir go mbeidís ábalta glacadh leis go bhfuil TG4 agus láithreoirí a chlár neodrach ar shaincheisteanna is ábhair chonspóide poiblí mar a éilítear le halt 39 den Acht Craolacháin 2009.

Ina chlár, ní mór do TG4 na príomhthreonna machnaimh agus na sruthanna tuairimíochta is mó a léiriú, gan ró-shimpliú a dhéanamh ar shaincheisteanna casta nó dearcthaí mionlaigh iomchuí a fhágáil as go treallach. Is dearcthaí criticiúla a bheidh sna dearcthaí mionlaigh seo go minic agus aithníonn TG4 go dtéann daoine a bhfuil seasamh mar seo acu in aghaidh na bpríomhthreonna machnaimh agus an phríomhshrutha tuairimíochta. Fágann sé go nglacann déantóirí clár leis an oibleagáid ualach na fianaise a chur i láthair go cóir agus chun imeachtaí a thuirisciú agus a léirmhíniú ar bhealach a léiríonn meas ar an gcomhthéacs mar aon leis na buaicphointí nuachta agus cúrsaí reatha.

Caithfidh TG4 a bheith ina sholáthraí faisnéise neamhchlaonta do mhuintir na hÉireann. Cibé cead atá ann tuairimí nó dearcthaí pearsanta a chur i láthair ar chlár ghinearálta, tá oibleagáid dhaingean laistigh de chlár chúrsaí reatha neamhchlaontacht chuí a chleachtadh.

#### **Ár gcaighdeán maidir le neamhchlaontacht**

- Nuacht agus eolas a chruinniú agus a chur i láthair le neamhchlaontacht chuí.
- Éagsúlacht peirspictíochtaí a chur i láthair sa chaoi, thar thréimhse ama, nach bhfágтар aon snáithe suntasach machnaimh nó creidimh ar lár go feasach ná nach ndéantar tearc-léiriú ná ró-léiriú orthu.
- Ná habair nó ná tabhair le fios gur tuairimíocht eagarthóireachta de chuid TG4 é peirspictíocht ar bith. Ní ghlacann TG4 aon seasamh eagarthóireachta seachas a thiomantas do bhunphrionsabail dhaonlathacha lena n-áirítear riail an dlí, saoirse chainte agus reiligiúin, daonlathas parlaiminteach agus comhionannas deiseanna.
- Ná tabhair mífhaisnéis ar aon pheirspictíocht.
- Ná tabhair buntáiste míchuí do pheirspictíocht amháin thar ceann eile.

#### **Ár gcur chuige maidir le clúdach toghchán agus reifreann**

Déantar cuid mhór de thoghchánaíocht agus de stocaireacht an lae inniu ar na haerthonnta agus bíonn ról lárnach ag TG4 sna próisis seo. Léirigh taighde go mbíonn an pobal ag brath ar raidió agus ar theilifís chun cuid mhór de na fíricí a théann i gcionn ar chinnteoireacht tráth toghchánaíochta, a chur ar fáil. Is cuid riachtanach de ról TG4 í cothroime agus neamhchlaontacht tráth toghcháin, agus tugann deis freisin do dhíospóireacht pholaitiúil.

Tagann feidhmíocht láithreoirí agus tuairisceoirí faoi ghrinnscrúdú. Caithfidh TG4 a bheith go hiomlán neamhchlaonta, agus caithfidh go bhfeictear gur mar sin atá, sa chaoi a ndéileálann sé le díospóireacht pholaitiúil.

Is cuid thábhachtach de nósanna imeachta TG4 é monatóireacht ar aschur teilifíse, tráth toghchán agus reifreann. Ceapann TG4 Grúpa Stiúrtha do gach Olltoghchán, do Thoghcháin na hEorpa, Toghcháin Uachtaránachta agus Reifrinn a dhéanann ionadaíocht do gach réimse aschuir. Is é an tArdstiúrthóir a bhíonn ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus áirítear ann bainistíocht shinsearach ó Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Cláir Theilifíse agus TG4 Ar Líne. Déanann an grúpa seo comhordú ar chlúdach TG4 ar an bhfeachtas agus cinntíonn go gcaitheann clúdach iomlán TG4 go cóir le gach páirtí. Caithfear cothromaíocht agus cothroime a choinneáil taobh istigh de shnáithe cláir aonair agus thar an aschur trí chéile. Déantar monatóireacht fhoirmiúil ar aschur sa tréimhse réamhthoghcháin chun eolas cruinn a chur ar fáil faoi chlúdach toghcháin ar gach cainéal de chuid TG4 agus chun a chinntiú go mbaintear cothromaíocht amach.

Déantar láithreachtaí na n-iomaitheoirí uile agus a bhfoirne toghchánaíochta a thomhas. **Ba chóir d'fhoirne léiriúcháin cuidiú leo siúd atá i mbun monatóireachta agus eolas cruinn a chur ar fáil.** D'fhéadfaí go gcaithfí láithreachtaí polaiteoirí agus iomaitheoirí i gcláir nach cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha a shrianadh sa tréimhse réamhthoghcháin. **Caithfidh déantóirí clár comhairle a lorg ón mbainistíocht eagarthóireachta agus ón nGrúpa Stiúrtha roimh thiomantais a dhéanamh do pholaiteoirí agus d'iomaitheoirí.**

Tá dualgas ar gach déantóir clár clúdach cothrom a bhaint amach laistigh dá gcláir féin (laistigh de chláir aonair nó laistigh de chláir ghaolmhara). **Nuair a tharlaíonn imeachtaí nach mbíonn coinne leo a d'fhágfaidh nach mbainfí cothromaíocht amach (e.g. iomaitheoir nár tháinig le hagallamh a dhéanamh nó nasc a cailleadh) caithfear an Grúpa Stiúrtha a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir.**

### **Pobalbhreitheanna agus suirbhéanna**

Nuair a dhéanaimid tuairisc ar thorthaí taighde ar bith, agus go háirithe nuair a dhéantar achoimre ar an eolas, caithfidh go mbeidh an lucht féachana/éisteachta ábalta bheith muiníneach go bhfuil an iriseoireacht atá taobh thiar den rud a fheiceann siad agus a chloiseann siad láidir, go bhfuil an taighde iontaofa agus go bhfuil brí leis agus an teanga a úsáidtear comhsheasmhach agus fírinneach. Tá an cruinneas, an tsoiléireacht agus an inchreidteacht chomh tábhachtach céanna agus tuairisc á déanamh ar “phobalbhreitheanna” agus ar “shuirbhéanna” agus atá sa chuid eile dár n-iriseoireacht.

Nuair a choimisiúnaímid “pobalbhreitheanna” nó “suirbhéanna” muid féin, caithfimid a bheith níos cúramaí fós a chinntiú go bhfuil dea-bhreithiúnas déanta againn faoina dtábhacht choibhneasta agus gur féidir leis an lucht éisteachta/féachana muinín a bheith acu as a bhfuil á rá againn. Ba chóir dúinn a chinntiú freisin nach n-úsáidtear pobalbhreith a ndéanaimid coimisiúnú uirthi le tabhairt le fios go bhfuil dearcadh ag TG4 ar bheartas nó ar shaincheist áirithe nó le tabhairt le fios gur idirghabháil é i gconspóid reatha.

Agus tuairisciú á dhéanamh againn ar thorthaí pobalbhreitheanna (go háirithe pobalbhreitheanna ar intinn vótála):

- Níor chóir dúinn tús a chur le feasachán nó le clár le torthaí pobalbhreithe amháin
- Níor chóir dúinn ceannlíne a thabhairt do thorthaí pobalbhreithe murar spreag siad scéal a thuill ceannlíne ann féin agus gur ghá tagairt do thorthaí na pobalbhreithe le ciall a bhaint as.
- Ba chóir dúinn de ghnáth tuairisc a thabhairt faoi thorthaí pobalbhreitheanna i gcomhthéacs treochta agus caithfear é seo a dhéanamh i gcónaí agus tuairisciú á dhéanamh ar phobalbhreitheanna ar intinn vótála. D'fhéadfadh gurb éard a bheadh sa

treocht ná torthaí gach mór-phobalbhreithe thar thréimhse nó d'fhéadfadh go mbeadh sé teoranta d'athrú ar thorthaí suirbhéara pobalbhreithe amháin. Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh de thorthaí pobalbhreitheanna a thugann dúshlán treochtaí gan míniú diongbháilte.

- Níor chóir dúinn úsáid a bhaint as teanga a thugann creidiúint níos mó do na pobalbhreitheanna ná mar a thuilleann siad. Mar shampla is féidir linn a rá go dtugann pobalbhreitheanna “le fios” agus “léiríonn”, ach níor chóir “cruthaíonn” nó “taispeánann” a úsáid go deo.
- Níor chóir dúinn brath de ghnáth ar an léamh a thugann an eagraíocht nó an foilseachán a rinne nó a choimisiúnaigh an phobalbhreith ar na torthaí
- Ba chóir dúinn tuairisc a dhéanamh ar an eagraíocht a rinne an phobalbhreith agus ar an eagraíocht nó an feasachán a choimisiúnaigh é, mar aon leis na ceisteanna, na torthaí agus méid an tsampla. Ba chóir go ndéanfaí an t-eolas seo a léiriú i gcónaí i ngrafaicí teilifíse agus ar líne.
- Ba chóir dúinn de ghnáth tuairisc a thabhairt faoi dhátaí na hoibre allamuigh, agus iad a chur san áireamh i ngrafaicí teilifíse agus ar líne, agus aird a tharraingt ar imeachtaí a bhféadfadh go raibh tionchar suntasach acu ar thuairimí an phobail ó rinneadh é.
- Ba chóir dúinn tuairisc a thabhairt de ghnáth cibé a ndearnadh an phobalbhreith duine le duine, nó ar an teileafón nó ar an idirlíon.
- Ba chóir dúinn an lamháil earráide ionchasach i bpobalbhreitheanna ar intinn vótála a thabhairt i gcónaí má bhíonn an bhearna idir an lucht coimhlinte laistigh den lamháil earráide. Ba chóir do ghrafaicí teilifíse agus ar líne an lamháil earráide a léiriú i gcónaí.

#### **Gníomhaíochtaí polaitiúla fhoireann TG4**

Níl cead ag catagóirí áirithe d'fhoireann TG4 páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí polaitiúla. Ní chuirtear an srianadh seo i bhfeidhm chun saoirse an duine aonair vóta a chaitheamh a theorannú, ach chun ráthaíocht a thabhairt don phobal éisteachta agus féachana go bhfuil TG4 neamhchlaonta agus oibiachtúil. Is léir go bhfuil cothromaíocht le coinneáil idir cearta aonair agus comhfhreagracht. Áirítear ar na catagóirí srianta nach féidir leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht pholaitiúil:

- An tArdstiúrthóir agus comhaltaí eile den Choiste Bainistíochta, Eagarthóirí Coimisiúnaithe, Láithreoirí, Tuairisceoirí, Léiritheoirí, Taighdeoirí, Stiúrthóirí, Comhordaitheoirí agus Cúntóirí Craolta.
- I Nuacht TG4, baill den Ghrúpa Bainistíochta Eagarthóireachta, an fhoireann iriseoireachta uile, idir iad siúd a bheidh le feiceáil os comhair an phobail agus iad sin atá bainteach le léiriú nuachta.

Áirítear ar an sainmhíniú ar ghníomhaíocht pholaitiúil gníomhaíocht nach bhfuil diminsean poiblí léi (mar shampla, obair a dhéanamh sa chúlseomra do pháirtí polaitiúil). Tá mionghníomhaíocht pholaitiúil neamh-pháirtí mar rannpháirtíocht i ngrúpaí áitritheoirí, brúghrúpaí timpeallachta etc. ceadaithe. Ach ba chóir a bheith cúramach gan amhras a tharraingt ar TG4 ar bhealach ar bith.

Caithfidh daoine a oibríonn i gcatagóirí teoranta an tArdstiúrthóir a chur ar an eolas trína gCeann Rannóige má tá sé ar intinn acu seasamh mar iomaitheoirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann nó i dtoghcháin áitiúla.

Ní luíonn sé le hoibleagáidí reachtúla neamhchlaontachta TG4 cead a thabhairt do dhaoine atá ag seasamh mar iomaitheoirí a bheith ag obair do TG4 i bpost a bhfuil freagracht eagarthóireachta ag baint leis. Caithfidh na daoine sin ar mian leo seasamh mar iarrthóir cead neamhláithreachta a lorg óna bpoist. Más mian leo filleadh ar an obair tar éis na dtoghchán, ní féidir le TG4 ráthaíocht a thabhairt go mbeidh siad in ann filleadh ar na poist a bhí acu roimhe seo. Féadfaidh daoine a d'oibrigh i gcatagóirí teoranta ar mian leo filleadh ar TG4 tar éis dóibh

dul san iomaíocht i dtoghcháin ach nár éirigh leo, a bheith ag súil le moratorium sular féidir leo filleadh ar na gníomhaíochtaí roimhe seo. Baineann catagóirí teoranta le gach craoltóir cuma cén seasamh conarthach atá aige/aici. D'fhéadfadh go gcaithfí déantóirí clár a oibríonn do chuideachtaí neamhspleácha ar chlár a choimisiúnaigh TG4 a bheith srianta freisin. Déanfar cinntí ar bhonn cás ar chás.

Ní mór don chuid sin den fhoireann a oibríonn i gcatagóirí neamhtheoranta a ndiscreíd a fheidhmiú ina ngníomhaíocht pholaitiúil chun aon choinbhleachtaí le hoibleagáidí reachtúla TG4 a sheachaint. Is coinníoll seirbhíse é nár chóir do dhuine aonair ar bith aon rud a dhéanamh a tharraingeodh míchlú ar TG4.

## **Aguisín 2.**

### **Treoir ar thuairiscí ó fhoinsí Idirlín agus na Meáin Shóisialta**

#### **Treoir ghinearálta ar thuairisciú ó fhoinsí Idirlín agus na Meáin Shóisialta**

Ba chóir a bheith an-chúramach agus foinsí ar líne agus ábhar a thagann ó shuíomhanna nó ó shruthanna na meán sóisialta á n-úsáid. Mar a dhéantar sin, bí amhrasach faoi thuairisc a thabhairt ar scéal scéil agus bí ag faire amach d'aon aidhm fholáigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Comhdhearbhaigh scéal nuair is féidir agus seiceáil céannacht aon rannpháirtithe a bhfuil sé i gceist agat iad a úsáid.

Sa chás go bhfuil scéal a d'fhéadfadh gur díol spéise poiblí é sa tsiúl ar shuíomh, féach lena fhíorú sula gcuirtear an scéal sa tsiúl agus bíodh an scéal curtha síos go soiléir do dhuine nó do dhream sa chaoi gur féidir lenár lucht féachana/éisteachta an t-eolas agus a fhoinse a mheas. Cuimhnigh freisin nach gá go gcuireann láithreáin ghréasáin ábhar ar fáil a chomhlíonann ceanglas an dlí ar chlúmhillleadh, ar dhíspeagadh ná ar mhaoin intleachtúil.

#### **Bobanna agus Cleasa**

Bíonn eolas bréige mar thuairiscí nuachta bréige le fáil ar chuid mhór láithreán gréasáin agus sruthanna de chuid na meán sóisialta. Déanann roinnt suíomhanna feachtais agus gníomhaithe aithris ar ainm fearainn agus ar dhearadh foinse oifigiúla ar mhaithe le haoir nó mífhaisnéis.

**Ní mór** duit a bheith cúramach agus seiceálacha críochnúla foinse a dhéanamh sula mbaineann tú úsáid as láithreán gréasáin nó sruth de chuid na meán sóisialta, na codanna “about us” nó “WHOIS” á n-úsáid agat.

#### **Foinsí Claonta**

Mar a tharlódh le haon mheán, féadfaidh aidhmeanna folaigh polaitiúla nó tráchtála ábhar suímh Ghréasáin a mhúnlú. Ba chóir duit na naisc chuig agus ón suíomh a sheiceáil mar go minic gur féidir leo seo cleamhnachtaí tráchtála nó polaitiúla a nochtadh.

#### **Eolas As Dáta**

D'fhéadfadh fiú foinsí iontaofa leathanaigh a bheith acu nár tugadh cothrom le dáta le blianta. D'fhéadfadh eolas comhthéacsúil tuairim a thabhairt faoin dáta a scríobhadh é, ach ba cheart i gcónaí foinsí aitheanta a úsáid chun comhthacú le haon eolas a fhaightear.

#### **Suíomhanna na Meán Sóisialta**

Postálann daoine aonair ábhar fuaimne agus físe, lena n-áirítear pictiúir, a nochtann eolas fúthu féin b'fhéidir, chun tairbhe a gcairde agus a lucht aitheantais de ghnáth. Ní mór cothromú a dhéanamh idir úsáid chuí ábhair a mbeadh duine tar éis a chur ar an bhfearann poiblí go neamhairdiúil agus cothroime don duine sin agus meas ar a phríobháideacht fiú más cuid de scéal nuachta anois iad.

Ba chóir moladh ábhar ar dhuine aonair a bheidh tógtha ó shuíomh meán sóisialta a tharchur de ghnáth chuig Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí.

Tabhair ar aird go bhfuil Treoirlínte faoi leith ar úsáid na Meán Sóisialta eisithe do fhoireann TG4. Tá comhairle ar fáil iontu.